Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Márta 2023**
**(OR. en)**

**7435/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0076(COD)**

**ENER 124**
**ENV 247**
**CLIMA 135**
**COMPET 207**
**CONSOM 81**
**FISC 43**
**CODEC 378**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Márta 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 147 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1227/2011 agus (AE) 2019/942 chun feabhas a chur ar chosaint an Aontais ar chúbláil margaidh sa mhargadh mórdhíola fuinnimh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 147 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 147 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 14.3.2023
COM(2023) 147 final

2023/0076 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1227/2011 agus (AE) 2019/942 chun feabhas a chur ar chosaint an Aontais ar chúbláil margaidh sa mhargadh mórdhíola fuinnimh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2023) 58 final}

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

1.1. Comhthéacs beartais

Tháinig méadú suntasach ar phraghsanna fuinnimh le linn 2021 agus 2022. Tharla an méadú sin de dheasca laghduithe sa soláthar gáis, go háirithe tar éis thús chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus úsáid an fhuinnimh mar uirlis troda, mar aon le heasnaimh intíre hidreachumhachta agus cumhachta núicléiche. D’eascair na harduithe praghais freisin as éileamh méadaithe ar fhuinneamh, de réir mar a tháinig borradh faoin ngeilleagar domhanda tar éis phaindéim COVID-19. Bhí na harduithe praghsanna sin le brath go tapa ag teaghlaigh, lucht tionscail agus gnólachtaí ar fud an Aontais, agus rinne rialtais bearta ar an bpointe chun iad a mhaolú. Ar an leibhéal Eorpach, chuir an tAontas Eorpach bosca uirlisí um praghsanna fuinnimh[1] ar fáil go pras chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda, go háirithe do na tomhaltóirí is leochailí (lena n-áirítear tacaíocht ioncaim, sosanna cánach, bearta chun gás a shábháil agus a stóráil), chomh maith leis an bplean REPowerEU[2] le bearta agus maoiniú breise chun borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh agus faoin bhfuinneamh in-athnuaite d’fhonn spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú. Ina dhiaidh sin, cruthaíodh córas sealadach Státchabhrach[3] chun go bhféadfadh bearta áirithe tionchar praghsanna arda a mhaolú, córas láidir stórála gáis[4], bearta éifeachtacha chun éileamh a laghdú le haghaidh gáis[5]

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Comhairle na hEorpa, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – *Tackling rising energy prices: a toolbox for action and support* [Ag dul i ngleic le praghsanna fuinnimh atá ag ardú: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta agus tacaíochta] COM(2021)660 final.

2 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún – An Plean REPowerEU, (COM(2022) 230.

3 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Creat Sealadach Géarchéime le haghaidh bearta státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar tar éis ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine C 131 I/01, C/2022/1890.

4 Rialachán (AE) 2022/1032 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1938 agus (CE) Uimh. 715/2009 i dtaca le stóráil gáis, IO L 173, 10.6.2022, lch. 17.

5 Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás, IO L 206, 8.8.2022, lch. 1.

agus leictreachais[6], próisis cheadaithe fuinnimh in-athnuaite agus eangaí níos tapúla[7], agus córais chun brabúis amhantair a sheachaint sna margaí gáis agus leictreachais araon[8].

Chuidigh na bearta gearrthéarmacha sin leis na Ballstáit déileáil le hiarmhairtí láithreacha na géarchéime fuinnimh. Mar sin féin, léirigh an ghéarchéim freisin cé chomh neamhchosanta agus atá tomhaltóirí agus tionscail agus an easpa athléimneachta atá againn in aghaidh méaduithe móra ar phraghsanna fuinnimh. Mheas gnólachtaí agus saoránaigh go raibh tionchar iomarcach ag giniúint atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise ar phraghsanna leictreachais a shocrú, agus ba léir nár leor cumas na mBallstát praghsanna gearrthéarmacha a mhaolú le conarthaí níos fadtéarmaí. Ar an gcúis sin, d'fhógair Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh ina hAitheasc ar Staid an Aontais in 2022[9] an gá atá le hathchóiriú bunúsach a dhéanamh ar dhearadh an mhargaidh leictreachais.

Cé go ndéanann margadh inmheánach fuinnimh an Aontais dul chun cinn mór agus fás ar fud na hEorpa, tá sé tugtha chun suntais leis an ngéarchéim fuinnimh a tharla le déanaí gur féidir le fócas gearrthéarmach an mhargaidh fuinnimh aird a bhaint de na spriocanna níos leithne níos fadtéarmaí. Mar thoradh ar an léiriú ar phraghsanna gearrthéarmacha i mbillí tomhaltóirí, bhí méaduithe móra ar phraghsanna ann nuair a tháinig méadú faoi thrí nó faoi cheathair ar bhillí fuinnimh go leor tomhaltóirí, fiú nuair a bhí laghdú ag teacht ar chostais na cumhachta gaoithe agus na grianchumhachta; ba é an neamhchosaint thobann do phraghsanna luaineacha agus arda ba chúis le féimheachtaí roinnt soláthróirí; bhí sé d'oibleagáid ar go leor fiontair thionsclaíocha in earnálacha dianfhuinnimh dúnadh síos. Dá bhrí sin, áirítear leis an togra sraith beart arb é is aidhm dóibh maolán a chruthú idir margaí gearrthéarmacha agus billí leictreachais a íocann tomhaltóirí, go háirithe trí chonarthaí níos fadtéarmaí a dhreasú, chun feidhmiú margaí gearrthéarmacha a fheabhsú ar mhaithe le foinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú ar bhealach níos fearr, chun ról na solúbthachta a fheabhsú agus chun tomhaltóirí a chumhachtú agus a chosaint.

Leis an luaineacht praghsanna a bhí ann le déanaí, léiríodh freisin an easpa solúbthachta san eangach leictreachais, agus praghsanna á socrú go rómhinic ag giniúint gásadhainte agus le heaspa ginearálta maidir le soláthar solúbtha ísealcharbóin, freagairt don éileamh agus stóráil

---

[6] Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh, IO L 261, 7.10.2022, lch. 1.

[7] Rialachán (AE) 2022/2577 ón gComhairle an 22 Nollaig 2022 lena leagtar síos creat chun dlús a chur le himscaradh fuinnimh in-athnuaite, IO L 335, 29.12.2022, lch. 36.

[8] Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh, IO L 261, 7.10.2022, lch. 1.

[9] SPEECH/22/5493.

fuinnimh. De réir mar a théann níos mó cumhachta gaoithe agus na grianchumhachta isteach sa chóras, beidh gá le teicneolaíochtaí solúbtha ísealcharbóin chun an soláthar athraitheach a chothromú leis an éileamh athraitheach. I gcomhthráth leis an togra seo, tá moltaí á ndéanamh ag an gCoimisiún maidir le nuálaíocht, teicneolaíochtaí agus acmhainneachtaí stórála a chur chun cinn.

Ar bhonn níos leithne, léirigh íogaireacht phraghas an leictreachais i leith praghsanna breosla iontaise gur gá dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh mar aon le solúbthacht an chórais chumhachta chun breoslaí iontaise a easáitiú. Cuireann an Plean REPowerEU borradh den sórt sin faoin bhfuinneamh in-athnuaite, rud a chuireann borradh faoin bhfás eacnamaíoch agus faoi chruthú post ar ardchaighdeán. Cuireann sé le hiarracht an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip feabhas a chur ar iomaíochas na hEorpa tríd an nuálaíocht agus tríd an aistriú chuig geilleagar glan-nialasach agus tá sé ailínithe go dlúth le Plean Tionsclaíoch an Choimisiúin maidir leis an gComhaontú Glas. Chun na hinfheistíochtaí is gá a éascú i bhfianaise luaineacht praghsanna le déanaí, idirghabhálacha rialála neamhchomhordaithe agus bacainní eangaí agus rialála ar iontráil, tá gá le hathchóiriú bunúsach. Ar deireadh, sa Tuarascáil maidir le toradh deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, d'iarr saoránaigh ar institiúidí an Aontais bearta a dhéanamh chun 'Slándáil fuinnimh na hEorpa a fheabhsú, agus neamhspleáchas fuinnimh an Aontais a bhaint amach' agus chun 'Spleáchas an Aontais ar ghníomhaithe eachtracha in earnálacha straitéiseacha eacnamaíocha a laghdú', lena n-áirítear fuinneamh[10]

1.2. Cuspóirí an togra

Leis an togra tugtar aghaidh ar ábhair imní na dtomhaltóirí, an tionscail agus na n-infheisteoirí maidir le neamhchosaint ar phraghsanna luaineacha gearrthéarmacha, arna spreagadh ag praghsanna arda breoslaí iontaise. Cuirfidh sé barr feabhais ar dhearadh an mhargaidh leictreachais trí na margaí gearrthéarmacha a chomhlánú le ról níos mó le haghaidh ionstraimí fadtéarmacha, rud a chuirfidh ar a gcumas do thomhaltóirí tairbhe a bhaint as conarthaí ar phraghas níos seasta, agus éascófar infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí glana. I ndeireadh na dála, ciallóidh sé sin go mbeidh gá le níos lú breosla iontaise a ghiniúint agus go mbeidh praghsanna níos ísle ann do thomhaltóirí le linn ghéarchéim breoslaí iontaise a bheidh ann amach anseo mar gheall ar na costais oibriúcháin ísle a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite agus ísealcharbóin.

[10] Tuarascáil ar thoradh deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa – Tuarascáil – Tograí 3 agus 17

Tá bearta á gcur chun cinn sa togra chun tomhaltóirí a chosaint ar luaineacht den sórt sin, chun rogha níos fearr conarthaí agus rochtain níos dírí ar fhuinneamh in-athnuaite agus ísealcharbóin a chumhachtú dóibh. Chun feabhas a chur ar dhálaí infheistíochta do ghnólachtaí, go háirithe iad siúd a bhfuil conairí dícharbónaithe á saothrú acu, molann sé bearta chun dul i ngleic le neamhchoasaint do mhéaduithe móra ar phraghsanna gearrthéarmacha trí chomhaontuithe ceannaigh cumhachta agus trí oibleagáidí níos stuamachta do sholáthraithe fuinnimh. Moltar ann freisin bearta chun feabhas a chur ar an gcaoi a ndéantar fuinnimh in-athnuaite agus ísealcharbóin athraitheacha a chomhtháthú sa mhargadh gearrthéarmach. Áirítear leis sin bearta lena gcuirtear dlús le húsáid na freagartha don éileamh agus le stóráil, i measc cineálacha eile solúbthachta neamh-iontaise. Leis an togra, feabhsaítear agus soiléirítear freisin an rochtain ar chonarthaí níos fadtéarmaí d'fhorbróirí (ar thug an Stát tacaíocht dóibh amhail conarthaí le haghaidh difríochta, agus conarthaí príobháideacha, amhail comhaontuithe ceannaigh cumhachta) chun ioncam slán cobhsaí a chur ar fáil d'fhorbróirí fuinnimh in-athnuaite agus ísealcharbóin agus chun riosca agus costais chaipitil a laghdú agus brabúis amhantair a sheachaint i dtréimhsí ina bhfuil praghsanna arda.

Cé go bhfuil margadh éifeachtúil ann, atá ag éirí níos comhtháite de réir a chéile, mar thoradh ar dhearadh an mhargaidh atá ann faoi láthair, tarraingíodh aird leis an ngéarchéim fuinnimh ar roinnt easnamh a bhaineann leis na nithe seo a leanas: (i) uirlisí neamhleora chun tomhaltóirí, lena n-áirítear gnólachtaí, a chosaint ar phraghsanna arda gearrthéarmacha; (ii) tionchar iomarcach praghsanna breosla iontaise ar phraghsanna leictreachais agus mainneachtain foinsí in-athnuaite ar chostas íseal agus fuinneamh ísealcharbóin a léiriú ar bhealach níos fearr i mbillí leictreachais; (iii) tionchar luaineachta praghsanna foircneacha agus idirghabhálacha rialála ar infheistíocht; (iv) easpa solúbthachta neamh-iontaise (amhail stóráil nó freagairt don éileamh) a d'fhéadfadh spleáchas ar ghiniúint gásadhainte a laghdú; (v) an rogha theoranta maidir le cineálacha conarthaí soláthraithe; (vi) na deacrachtaí a bhaineann le rochtain dhíreach a fháil ar fhuinneamh in-athnuaite trí chomhroinnt fuinnimh; agus (vii) an gá atá le faireachán láidir a dhéanamh ar an margadh fuinnimh chun cosaint níos fearr a thabhairt ar mhí-úsáid an mhargaidh.

**Chun tomhaltóirí a chosaint** ar phraghsanna luaineacha, déanfar foráil sa togra maidir leis an gceart chun conarthaí praghsanna seasta chomh maith le conarthaí praghsanna dinimiciúla, an ceart chun ilchonarthaí agus faisnéis níos fearr agus níos soiléire faoi chonarthaí. Déanfar éagsúlacht conarthaí is fearr a oireann dá gcúinsí a thairiscint do thomhaltóirí. Ar an gcaoi sin,

is féidir le tomhaltóirí, lena n-áirítear gnólachtaí beaga, praghsanna slána fadtéarmacha a dheimhniú chun tionchar arduithe tobanna praghsanna a mhaolú, agus/nó féadfaidh siad rogha a dhéanamh conarthaí praghsanna dinimiciúla a bheith acu le soláthróirí más mian leo leas a bhaint as inathraitheacht praghsanna chun leictreachas a úsáid nuair a bhíonn sé níos saoire (e.g. gluaisteáin leictreacha a ghearradh nó teaschaidéil a úsáid). Le meascán den sórt sin de phraghsáil dhinimiciúil agus sheasta araon, is féidir dreasachtaí margaidh a choinneáil do thomhaltóirí chun a n-éileamh leictreachais a choigeartú, agus san am céanna níos mó cinnteachta a chur ar fáil dóibh siúd ar mian leo infheistíocht a dhéanamh i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite (painéil ghréine dín mar shampla) agus cobhsaíocht costas. Sa bhreis ar an gcreat cosanta atá ann cheana do thomhaltóirí atá bocht agus leochaileach ó thaobh fuinnimh de, tabharfaidh an togra rochtain ar phraghsanna miondíola rialáilte do theaghlaigh agus do thomhaltóirí FBManna i gcás géarchéime agus cobhsóidh sé an tionscal soláthair trína cheangal go ndéanfaidh soláthróirí iarracht níos mó cosaint a thabhairt in aghaidh méaduithe móra ar phraghsanna trí úsáid níos mó a bhaint as réamhchonarthaí le gineadóirí (glasáil i bpraghsanna amach anseo) agus trí cheangal a chur ar na Ballstáit córas soláthróra na rogha deiridh a bhunú. Leis an togra, tabharfar cumhacht do thomhaltóirí tríd an gceart a chruthú chun fuinneamh in-athnuaite a chomhroinnt go díreach, gan an gá le pobail fuinnimh a chruthú. D'fhéadfadh comhroinnt fuinnimh níos mó (e.g., an barrachas grianchumhachta dín a roinnt le comharsa) feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as fuinneamh in-athnuaite ar chostas íseal agus rochtain níos fearr ar úsáid dhíreach fuinnimh in-athnuaite a chur ar fáil do thomhaltóirí a d'fhéadfadh nach mbeadh rochtain den sórt sin acu murach sin.

**Chun cobhsaíocht agus intuarthacht maidir le costas an fhuinnimh a fheabhsú, rud a chuirfidh le hiomaíochas gheilleagar an Aontais** a bhfuil praghsanna luaineacha iomarcacha roimhe, tá sé beartaithe leis an togra feabhas a chur ar an rochtain ar an margadh ar chonarthaí agus ar mhargaí atá níos cobhsaí níos fadtéarmaí. Is féidir le comhaontuithe ceannaigh cumhachta (PPAnna) – conarthaí príobháideacha fadtéarmacha idir gineadóir (in-athnuaite nó ísealcharbóin de ghnáth) agus tomhaltóir – cosaint a thabhairt ar luaineacht praghsanna, ach i láthair na huaire níl siad ar fáil den chuid is mó ach do thomhaltóirí móra fuinnimh i mbeagán Ballstát. Tá an riosca creidmheasa nach mbeidh tomhaltóir in ann an leictreachas a cheannach i gcónaí le linn na tréimhse ar fad ina bhacainn ar fhás an mhargaidh seo. Chun aghaidh a thabhairt air sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag cuideachtaí a bhfuil bacainní iontrála ina n-aghaidh ar mhargadh na gcomhaontuithe ceannaigh cumhachta agus nach bhfuil deacrachtaí airgeadais acu ar ionstraimí chun na rioscaí airgeadais a laghdú a bhaineann le mainneachtain íocaíochta ceannaitheora faoi

mhargadh na gcomhaontuithe ceannaigh cumhachta, lena n-áirítear scéimeanna ráthaíochta ar phraghsanna margaidh. Chun fás an mhargaidh le haghaidh comhaontuithe den sórt sin a spreagadh tuilleadh, ba cheart cead a thabhairt d'fhorbróirí tionscadal fuinnimh in-athnuaite agus ísealcharbóin atá rannpháirteach i dtairiscint tacaíochta poiblí sciar den ghiniúint a choinneáil lena díol trí PPA. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit féachaint le critéir mheastóireachta a chur i bhfeidhm i roinnt de na tairiscintí sin chun rochtain ar mhargadh na gcomhaontuithe ceannaigh cumhachta a dhreasú do chustaiméirí a bhfuil bacainní iontrála rompu. Ar deireadh, d'fhéadfadh an oibleagáid ar sholáthróirí fálú cuí a dhéanamh borradh a chur faoin éileamh ar PPAnna (ar bealach iad chun praghsanna amach anseo a dheimhniú).

Le cineálacha áirithe tacaíochta poiblí, ráthaítear praghas íosta ón rialtas don táirgeoir fuinnimh ach cuireann siad ar chumas an táirgeora praghas iomlán an mhargaidh a thuilleamh mar sin féin, fiú nuair a bhíonn an praghas margaidh sin an-ard. Leis na praghsanna arda a bhí ann le déanaí, fuair roinnt fuinnimh (níos saoire) arna thacú go poiblí na praghsanna arda margaidh sin. Chun srian a chur leis sin agus praghsanna a chobhsú, ba cheart tacaíocht infheistíochta a struchtúrú mar 'dhá threo' (conradh dhá threo le haghaidh difríochta), lena socraítear praghas íosta ach praghas uasta freisin, ionas go n-aisíocfar aon ioncam os cionn na huasteorann. Beidh feidhm ag an togra maidir le hinfheistíochtaí nua chun leictreachas a ghiniúint, lena n-áirítear infheistíochtaí i saoráidí giniúna cumhachta nua, infheistíochtaí atá dírithe ar shaoráidí giniúna cumhachta atá ann cheana a athchumhachtú, infheistíochtaí atá dírithe ar shaoráidí giniúna cumhachta atá ann cheana a leathnú nó ar a saolré a fhadú. Thairis sin, ceanglófar leis an togra go ndéanfar an t-airgead sin a dhíriú ansin chun tacú leis na tomhaltóirí leictreachais uile i gcomhréir lena n-ídiú chun éifeacht praghsanna arda a mhaolú.

Bealach eile chun cosaint a thabhairt in aghaidh praghsanna luaineacha is ea conarthaí fadtéarmacha lena ndeimhneofar na praghsanna a bheidh amach anseo ('conarthaí réamhcheaptha'). Léiríonn an margadh seo leachtacht íseal i roinnt mhaith Ballstát ach d'fhéadfaí borradh a chur faoi ar fud an Aontais, ionas gur féidir le níos mó soláthraithe nó tomhaltóirí cosaint a thabhairt in aghaidh praghsanna luaineacha thar thréimhsí níos faide. Leis an togra cruthófar praghsanna tagartha réigiúnacha trí mhol chun trédhearcacht praghsanna a mhéadú agus cuirfear d'oibleagáid ar oibreoirí córais cearta tarchuir a cheadú ar feadh tréimhse níos faide ná bliain, ionas gur féidir leo tarchur an leictreachais a áirithiú má bhíonn conradh réamhcheaptha idir páirtithe thar réigiúin nó thar theorainneacha.

Ar deireadh, chun a áirithiú go socrófar na margaí a iompraíonn iad féin ar bhealach iomaíoch agus go socrófar praghsanna ar bhealach trédhearcach, cuirfear feabhas ar chumas na rialtóirí faireachán a dhéanamh ar shláine agus trédhearcacht an mhargaidh fuinnimh.

Is é an tríú cuspóir **borradh a chur faoin infheistíocht i bhfuinneamh in-athnuaite**, chun a áirithiú go dtiocfaidh méadú faoi thrí ar an úsáid, i gcomhréir le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Bainfear an méid sin amach go páirteach trí fheabhas a chur ar mhargaí na gconarthaí fadtéarmacha. Ní hamháin go gcuireann comhaontuithe ceannaigh cumhachta agus conarthaí le haghaidh difríochta praghsanna cobhsaí ar fáil do thomhaltóirí, tugann siad ioncam iontaofa do sholáthróirí fuinnimh in-athnuaite freisin. Laghdaíonn sé sin a riosca airgeadais agus laghdaíonn sé go mór a gcostas caipitil. Cruthaíonn sé sin fáinne óir ina n-íoslaghdaítear costais le hioncaim chobhsaí agus ina gcuirtear borradh faoin éileamh ar fhuinneamh in-athnuaite.

Is infheistíocht níos fearr é an fuinneamh in-athnuaite freisin nuair nach laghdaítear a chumas chun cumhacht a tháirgeadh mar gheall ar shrianta teicniúla sa chóras. Dá mhéad solúbthacht a bhíonn sa chóras (giniúint is féidir casadh air nó as go tapa, stóráil ar féidir léi cumhacht a thógáil isteach nó a chur ar an gcóras, nó tomhaltóirí freagrúla ar féidir leo a n-éileamh ar chumhacht a mhéadú nó a laghdú) is ea is mó is féidir le praghsanna a bheith níos cobhsaí agus is féidir leis an gcóras fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú. Ar an gcúis sin, cuireann an togra de cheangal ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar a riachtanais maidir le solúbthacht sa chóras cumhachta agus cuspóirí a bhunú chun na riachtanais sin a bhaint amach. Is féidir leis na Ballstáit sásraí acmhainneachta a dhearadh nó a athdhearadh chun solúbthacht ísealcharbóin a chur chun cinn. Thairis sin, tugann an togra deis do na Ballstáit scéimeanna tacaíochta nua a thabhairt isteach le haghaidh solúbthacht neamh-iontaise amhail freagairt don éileamh agus stóráil.

Ba cheart ról feabhsaithe a bheith ag oibreoirí córais freisin maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú san eangach, i bpáirt trí thrédhearcacht a mhéadú maidir le hinfhaighteacht acmhainneachta nasctha eangaí. Ar an gcéad dul síos, chuirfeadh an fhaisnéis níos soiléire sin feabhas ar chumas forbróirí fuinnimh in-athnuaite foinsí in-athnuaite fuinnimh a fhorbairt i réimsí nach bhfuil an eangach chomh plódaithe céanna iontu. Ar an dara dul síos, is féidir fuinneamh in-athnuaite a thrádáil agus a chothromú ar bhealach níos éifeachtúla sa chóras más féidir trádáil idir rannpháirtithe sa mhargadh a dhéanamh níos gaire don 'fhíor-am'. Má dhéantar tairiscintí chun leictreachas a sholáthar nóiméid roimh an tomhaltas seachas uaireanta an chloig roimh an tomhaltas, tá na tairiscintí ó tháirgeoirí

cumhachta gaoithe agus grianchumhachta níos cruinne, is féidir níos mó cumhachta gaoithe agus grianchumhachta a thomhailt agus laghdaítear 'costais éagothroime' an chórais. Dá bhrí sin, tabharfar spriocdhátaí trádála níos gaire don fhíor-am.

**Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an tionscnamh atá beartaithe nasctha go láidir agus comhlántach leis na tograí reachtacha a tugadh chun cinn i gcomhthéacs Phacáiste an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus a chuireann dlús leis na cuspóirí dícharbónaithe a leagtar síos sa Phlean REPowerAE, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite ('RED II'), arb í an phríomhionstraim de chuid an Aontais a dhéileálann le cur chun cinn an fhuinnimh in-athnuaite. Tá an tionscnamh atá beartaithe comhlántach sa mhéid agus go bhfuil sé d'aidhm aige dlús a chur le glacadh an fhuinnimh in-athnuaite. Féachann an togra le foinsí ioncaim fadtéarmacha níos cobhsaí a áirithiú chun tuilleadh infheistíochtaí fuinnimh in-athnuaite agus ísealcharbóin a scaoileadh, agus feidhmiú margaí gearrthéarmacha a fheabhsú san am céanna, ar margaí iad atá ríthábhachtach chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú sa chóras leictreachais. Ina theannta sin, féachann an togra le comhroinnt fuinnimh a chumasú chun go mbeidh tomhaltóirí in ann páirt a ghlacadh sa mhargadh agus cuidiú le dlús a chur leis an aistriú fuinnimh.

Is minic a bhíonn laghdú ar thomhaltas fuinnimh trí chomharthaí praghais, trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh nó trí iarrachtaí deonacha ar an mbealach is saoire, is sábháilte agus is glaine chun ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, chun tacú le slándáil an tsoláthair agus chun ár mbillí fuinnimh a laghdú. Éascóidh an togra rannpháirtíocht ghníomhach na dtomhaltóirí sa mhargadh agus forbairt a bhfreagartha don éileamh. Cumasófar solúbthacht neamh-iontaise leis freisin, amhail solúbthacht don éileamh agus stóráil dul in iomaíocht agus cothrom na Féinne ann ionas go laghdófar de réir a chéile ról an gháis nádúrtha sa mhargadh gearrthéarmach maidir le solúbthacht a sholáthar. Dá bhrí sin, tá an togra i gcomhréir leis an méadú atá beartaithe ar sprioc 2030 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh go 13 %, mar a leagtar amach sna leasuithe atá beartaithe ar na Treoracha maidir le Fuinneamh In-athnuaite, maidir

le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh agus maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh[11] a ghabhann leis an bPlean REPowerEU[12].

Tá nasc tábhachtach ann freisin idir an togra agus an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh, arb í an phríomhionstraim de chuid an Aontais í chun cabhrú leis na spriocanna tógála agus athchóirithe a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip a bhaint amach. Tá nasc láidir idir an togra agus forálacha maidir le fomhéadrú agus freagairt don éileamh i dteannta an togra ón gCoimisiún, mar chuid de Phacáiste an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus a cuireadh in iúl faoin Teachtaireacht maidir le Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh, maidir le córas fótavoltach gréine a chomhtháthú de réir a chéile ionas go mbeidh foirgnimh phoiblí, thráchtála agus chónaithe aeráidneodrach.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Cuspóirí an togra maidir le tomhaltóirí a chosaint agus a chumhachtú, iomaíochas thionscal an Aontais a fheabhsú agus borradh a chur faoi fhuinneamh in-athnuaite agus infheistíocht ísealcharbóin, tá siad go hiomlán comhsheasmhach le creat an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus comhleanúnach agus comhlántach leis na tionscnaimh atá ann faoi láthair, lena n-áirítear an togra reachtach le haghaidh 'Gníomh um Thionscal Glan-Nialasach' atá á ghlacadh san am céanna. Freagraíonn sé do na saincheisteanna a sainaithníodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún lena leagtar amach 'Plean Tionsclaíoch Glas don Aois Aeráidneodrach' a eisíodh an 1 Feabhra 2023[13, ,] , is é sin go bhfuil iomaíochas go leor cuideachtaí lagaithe go mór ag praghsanna arda fuinnimh agus go bhféadfadh ról tábhachtach a bheith ag conarthaí praghsanna fadtéarmacha chun go mbeadh úsáideoirí leictreachais in ann tairbhiú de chostais níos intuartha agus níos ísle a bhaineann le cumhacht in-athnuaite. Ar deireadh, tá an togra reachtach comhlántach leis an athbhreithniú leanúnach ar rialacháin ábhartha maidir leis an margadh airgeadais amhail an Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh[14]. Cuireann an togra freisin leis an Moladh ón gComhairle maidir le haistriú

[11] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite, Treoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, COM(2022)222 final.

[12] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig An Chomhairle Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – An Plean REPowerEU, COM/2022/230 final.

[13] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach, COM(2023) 62 final.

[14] Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh) agus lena

cothrom i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú trína n-iarrtar ar na Ballstáit leanúint de thacaíocht airgeadais phoiblí agus phríobháideach a shlógadh chun infheistíocht a dhéanamh san fhuinneamh in-athnuaite, dul i ngleic le dúshláin soghluaisteachta agus deiseanna coigilte costas atá nasctha leis an ngeilleagar ciorclach a chur chun cinn[15].

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 194(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena soláthraítear an bunús dlí chun bearta a mholadh arb é is aidhm dóibh, *inter alia*, feidhmiú an mhargaidh fuinnimh a áirithiú, éifeachtúlacht fuinnimh agus caomhnú fuinnimh a chur chun cinn agus cineálacha nua agus in-athnuaite fuinnimh a fhorbairt[16]. I réimse an fhuinnimh, tá inniúlacht chomhroinnte ag an Aontas Eorpach de bhun Airteagal 4(2)(i) CFAE.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

**An gá le gníomhaíocht an Aontais Eorpaigh**

Mar thoradh ar chineál na géarchéime praghsanna fuinnimh nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, tarraingíodh aird ar mhargaí leictreachais an Aontais. D’ainneoin na sciartha méadaitheacha de leictreachas in-athnuaite ar chostas íseal ar fud an Aontais, tá tionchar leanúnach ag an leictreachas a ghintear ar bhreoslaí iontaise ar bhillí fuinnimh foriomlána. Le linn na géarchéime, tháinig méadú mór ar phraghsanna fuinnimh i dteaghlaigh agus i ngnólachtaí ar fud an Aontais.

Is saincheist í seo atá ábhartha ar fud an Aontais agus ní féidir aghaidh a thabhairt uirthi ach amháin le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais. Chun margaí leictreachais an Aontais a chomhtháthú níos mó, tá gá le comhordú níos dlúithe idir gníomhaithe náisiúnta, agus i gcomhthéacs faireachán agus faireachas a dhéanamh ar an margadh freisin. Bíonn tionchar díreach ag idirghabhálacha beartais náisiúnta in earnáil an leictreachais ar na Ballstáit chomharsanachta mar gheall ar idirspleáchas fuinnimh, idirnaisc eangaí agus comhtháthú leanúnach sa mhargadh leictreachais. Chun feidhmiú an chórais leictreachais agus trádáil agus

n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún, IO L 173, 12.6.2014, lch. 1.

15 Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 (2022/C/243/04)

16 Airteagal 194(1) CFAE.

infheistíochtaí trasteorann a chaomhnú agus chun dlús ar bhealach comhordaithe a chur leis an aistriú fuinnimh i dtreo córas fuinnimh atá níos comhtháite agus níos tíosaí ar fhuinneamh bunaithe ar ghiniúint in-athnuaite, tá gá le cur chuige comhchoiteann.

Leis na leasuithe atá beartaithe, leagtar amach cothromaíocht idir oibleagáidí agus solúbthacht a fhágtar faoi na Ballstáit maidir leis an gcaoi a mbaintear na príomhchuspóirí amach, is é sin lena áirithiú go léireofar costas níos ísle an leictreachais in-athnuaite i mbillí tomhaltóirí agus borradh a chur faoi úsáid fuinnimh in-athnuaite.

Thairis sin, ní féidir cuspóir na mbeart atá beartaithe a bhaint amach ach amháin trí ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, ní ar leibhéal na mBallstát aonair, ós rud é go bhfuil gá le hathruithe a dhéanamh ar an gcreat uile-Aontais atá ann cheana maidir le dearadh an mhargaidh leictreachais mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/943 agus sa Treoir maidir le Leictreachas (AE) 2019/944 agus ar chreat REMIT atá ann cheana chun an ghníomhaíocht atá beartaithe a bhaint amach.

- **Breisluach AE**

Tá breisluach ag baint le gníomhaíocht an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh i ndearadh reatha an mhargaidh leictreachais toisc go bhfuil sé níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí ná gníomhaíochtaí na mBallstát aonair, agus ar an gcaoi sin seachnaítear cur chuige ilroinnte. Beidh na bearta atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh níos uaillmhianaí agus níos costéifeachtaí má bhíonn creat coiteann dlíthiúil agus beartais mar bhonn leo. Ina theannta sin, ní fhéadfaí gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal na mBallstát ach amháin laistigh de shrianta an chreata uile-Aontais atá ann faoi láthair maidir le dearadh an mhargaidh leictreachais, mar a leagtar amach sa Rialachán maidir le Leictreachas agus sa Treoir maidir le Leictreachas chomh maith leis an Rialachán maidir le Sláine agus Trédhearcacht an Mhargaidh Fuinnimh (REMIT) agus ní bheadh sé in ann na hathruithe is gá ar an gcreat sin a bhaint amach. Dá réir sin, ní féidir leis na Ballstáit iad féin cuspóirí an tionscnaimh seo a bhaint amach agus ar an gcaoi sin baineann breisluach le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais.

- **Comhréireacht**

Meastar gur comhréireach na leasuithe atá beartaithe ar an Rialachán maidir le Leictreachas, ar an Treoir maidir le Leictreachas, ar an Rialachán maidir le Sláine agus Trédhearcacht an Mhargaidh Fuinnimh agus ar Rialachán ACER.

D'fhéadfadh costais riaracháin agus ualach méadaithe ar ghnóthais agus ar riaracháin náisiúnta a bheith mar thoradh ar na bearta atá beartaithe chun úsáid conarthaí fadtéarmacha a dhreasú, amhail comhaontuithe ceannaigh cumhachta agus conarthaí dhá threo le haghaidh difríochtaí. Mar sin féin, tá na tionchair eacnamaíocha atá beartaithe riachtanach agus comhréireach chun an cuspóir i dtaca le húsáid conarthaí fadtéarmacha den sórt sin a dhreasú agus a áirithiú go mbeidh billí fuinnimh theaghlaigh agus chuideachtaí na hEorpa chomh maith le hioncaim na dteicneolaíochtaí breosla neamhiontaise a bhfuil costais ísle athraitheacha acu níos neamhspleáiche ó luaineacht praghsanna i margaí gearrthéarmacha agus, dá bhrí sin, níos cobhsaí thar thréimhsí níos faide.

D'fhéadfadh tionchar gearrthéarmach a bheith ag na bearta atá beartaithe chun leachtacht agus comhtháthú na margaí a fheabhsú do ghnólachtaí freisin, ós rud é go gcaithfí iad sin a chur in oiriúint do shocruithe nua trádála. Meastar go bhfuil siad sin riachtanach, áfach, chun na cuspóirí atá beartaithe a bhaint amach maidir le comhtháthú níos fearr fuinnimh in-athnuaite agus ísealcharbóin a áirithiú agus spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú le haghaidh solúbthachta, agus, ar deireadh, neodracht carbóin agus costais níos ísle a do thomhaltóirí a bhaint amach san Aontas. Tá siad comhréireach freisin leis na cuspóirí sin, ós rud é gur beag an tionchar a bheadh acu ar ghnólachtaí i gcomparáid leis an gcreat atá ann faoi láthair agus go sáródh gnóthachain eacnamaíocha an athchóirithe aon atheagrú riaracháin gearrthéarmach nó fadtéarmach den chuid is mó.

Tá sé comhréireach freisin leis na cuspóirí atá á saothrú gan bearta a bheartú lena leasófar na forálacha atá ann cheana sa Rialachán maidir le Leictreachas agus sa Treoir maidir le Leictreachas i gcás inar féidir aghaidh a thabhairt ar aon saincheist a shainaithnítear maidir leis na forálacha atá ann cheana trína gcur i bhfeidhm nó trína gcur chun feidhme. Baineann cás amháin den sórt sin leis na bearta lena mbaineann leordhóthanacht acmhainní i gCaibidil IV den Rialachán maidir le Leictreachas, go háirithe an próiseas faoina dtugann na Ballstáit isteach sásraí acmhainneachta, a d'fhéadfaí a shimpliú gan na forálacha ábhartha a leasú.

Leis na bearta atá beartaithe chun cumhachtú, cearta agus cosaintí tomhaltóirí a neartú, méadófar na dualgais agus na hoibleagáidí a chuirtear ar sholáthróirí agus ar oibreoirí líonraí. Mar sin féin, tá na hualaí breise riachtanach agus comhréireach chun an cuspóir a bhaint amach maidir lena áirithiú go mbeidh rochtain ag tomhaltóirí ar fhaisnéis níos fearr agus ar éagsúlacht na dtairiscintí, chun a mbillí leictreachais a dhíchúpláil ó ghluaiseachtaí gearrthéarmacha ar mhargaí fuinnimh agus chun an riosca idir soláthróirí agus tomhaltóirí a athchothromú.

D'fhéadfadh na bearta atá beartaithe chun creat an Rialacháin maidir le Sláine agus Trédhearcacht an Mhargaidh Fuinnimh a fheabhsú oibleagáidí tuairiscithe do rannpháirtithe sa mhargadh a mhéadú mar gheall ar raon feidhme níos leithne REMIT. Tá gá leis na bearta sin chun an cuspóir a bhaint amach maidir le trédhearcacht agus acmhainneachtaí faireacháin a mhéadú agus lena n-áiritheofar go ndéanfar imscrúdú agus forfheidhmiú níos éifeachtaí ar chásanna trasteorann san Aontas ionas go mbeidh muinín ag tomhaltóirí agus ag rannpháirtithe sa mhargadh as sláine na margaí fuinnimh, go léireoidh praghsanna idirghníomhú cothrom iomaíoch idir soláthar agus éileamh agus nach féidir aon bhrabús a bhaint as mí-úsáid an mhargaidh. Tá siad comhréireach leis an gcuspóir sin freisin, ós rud é go sáródh na gnóthachain i dtéarmaí cháilíocht an fhaireacháin agus an fhaireachais margaidh aon chostas riaracháin gearrthéarmach nó fadtéarmach.

Ar deireadh, meastar gurb iomchuí an pacáiste foriomlán beart atá beartaithe i bhfianaise na riachtanas uileghabhálach aeráidneodracht a bhaint amach ar an gcostas is lú do thomhaltóirí agus slándáil an tsoláthair á háirithiú san am céanna.

- **An rogha ionstraime**

Leasóidh an togra an Rialachán maidir le Leictreachas, an Treoir maidir le Leictreachas, an Rialachán maidir le Sláine agus Trédhearcacht an Mhargaidh Fuinnimh, Rialachán ACER agus an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite. Ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag an togra sraith theoranta forálacha nua a chur isteach agus tacar teoranta forálacha atá ann cheana sna hionstraimí sin a leasú, is leor leas a bhaint as gníomh leasaitheach. Ar an gcúis chéanna, is léir freisin gurb iomchuí ionstraim rialacháin leasaithigh a úsáid chun leasuithe ar rialacháin atá ann cheana agus ar threoracha atá ann cheana a thabhairt isteach.

## 3. COMHAIRLIÚCHÁIN LE PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar ullmhúchán don tionscnamh seo, reáchtáil an Coimisiún comhairliúchán poiblí ón 23 Eanáir 2023 go dtí an 13 Feabhra 2023. Bhí an comhairliúchán oscailte do gach duine.

1369 bhfreagra a fuair an Coimisiún ar an gcomhairliúchán sin. Tháinig breis agus 700 díobh sin ó shaoránaigh, thart ar 450 duine ó ghnólachtaí agus ó chomhlachais ghnó, thart ar 40 ó riaracháin náisiúnta nó áitiúla nó ó rialtóirí náisiúnta agus thart ar 70 ó oibreoirí líonraí. Chomh maith leis sin, bhí thart ar 20 pobal fuinnimh, 15 cheardchumann agus 20 eagraíocht tomhaltóirí rannpháirteach. Chuir líon suntasach eagraíochtaí neamhrialtasacha, meithleacha machnaimh agus eagraíochtaí taighde nó eagraíochtaí acadúla eile freagraí isteach chomh

maith. Tá forléargas ar thuairimí na bpáirtithe leasmhara ar fáil sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an tionscnamh reachtach seo.

Ina theannta sin, d'eagraigh an Coimisiún cruinniú comhairliúcháin spriocdhírithe ar líne le páirtithe leasmhara an 15 Feabhra 2023 ina raibh tuairim agus 70 gníomhaí margaidh rannpháirteach, eagraíochtaí neamhrialtasacha, oibreoirí líonraí, ACER agus rialálaithe náisiúnta, meithleacha machnaimh agus an lucht léinn. Cuireadh i dtábhacht go ginearálta sa chomhairliúchán gur mheas na páirtithe leasmhara an méid seo a leanas:

– Ba cheart margaí gearrthéarmacha agus an sásra praghsála atá bunaithe ar phraghsáil imeallach a chaomhnú, toisc go bhfeidhmíonn siad go maith agus go soláthraíonn siad na comharthaí praghsanna cearta. Tá margaí gearrthéarmacha (lá roimh ré agus ionlae) forbartha go maith, agus eascraíonn siad as cur chun feidhme reachtaíocht fuinnimh an Aontais leis na blianta.

– Ní mór na margaí gearrthéarmacha a chomhlánú le hionstraimí lena spreagtar comharthaí praghasanna níos fadtéarmaí, amhail na cinn a chuir an Coimisiún in iúl i gcomhairliúchán, go háirithe comhaontuithe ceannaigh cumhachta ('PPA'), conarthaí le haghaidh difríochta, agus réamh-mhargaí feabhsaithe. Ba cheart an chothromaíocht cheart idir na huirlisí éagsúla a bhunú. Mar sin féin, níor cheart scéimeanna éigeantacha a bheith ann, agus ba cheart an tsaoirse chun na conarthaí ábhartha a roghnú a chaomhnú.

– Aithníodh na tairbhí a bhaineann le réitigh solúbthachta neamh-iontaise amhail freagairt don éileamh agus stóráil, go háirithe i gcomhthéacs sciar méadaitheach d'fhoinsí in-athnuaite. Ba cheart a rannpháirtíocht sa mhargadh a éascú.

– Ní mór na margaí leictreachais a bheidh ann amach anseo a chur in oiriúint do sciar ard fuinnimh in-athnuaite. Ina theannta sin, ba cheart níos mó béime a chur ar an ngné áitiúil agus ar fhorbairt na heangaí. D'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin leis na réitigh a chuirtear i láthair sa chomhairliúchán poiblí.

– Tá cosaint tomhaltóirí ríthábhachtach, mar atá inacmhainneacht fuinnimh, ach tá sé chomh tábhachtach céanna na comharthaí maidir le freagairt don éileamh a chaomhnú. Ba cheart réitigh atá ag teacht chun cinn amhail pobail fuinnimh, féintomhaltas, comhroinnt fuinnimh a chumasú agus a dhreasú.

- **Doiciméad Inmheánach Oibre**

I bhfianaise phráinn an tionscnaimh, cuireadh Doiciméad Inmheánach Oibre ar fáil seachas measúnú tionchair. Sa Doiciméad Inmheánach Oibre atá mar bhonn agus mar thaca leis an togra seo, leagtar amach an míniú agus an réasúnaíocht is bonn le tograí an Choimisiúin maidir le freagairt struchtúrach ar na praghsanna arda fuinnimh a bhíonn ag teaghlaigh agus ag gnólachtaí agus chun fuinneamh slán glan inacmhainne a áirithiú do theaghlaigh agus do ghnólachtaí amach anseo chomh maith leis an bhfianaise atá ar fáil go bhfuil siad ábhartha do na bearta atá beartaithe.

Baintear de thátal as an Doiciméad Inmheánach Oibre go meastar go gcuirfidh pacáiste na n-athchóirithe atá beartaithe feabhas suntasach ar struchtúr agus ar fheidhmiú mhargadh leictreachais na hEorpa. Is bloc tógála eile é chun gur féidir cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach agus, ina theannta sin, déantar breithniú ann ar na heasnaimh a tháinig chun solais le linn na géarchéime fuinnimh agus féachann sé le dul i ngleic leo.

Léirítear sa doiciméad go gcuideoidh an t-athchóiriú le tomhaltóirí a bhfuil praghsanna arda luaineacha orthu faoi láthair a chosaint agus a chumhachtú trí mhaolán a chruthú idir iad agus margaí gearrthéarmacha. Leis an togra seo, déanfar praghsanna arda na dteicneolaíochtaí breosla iontaise atá ag feidhmiú sa mhargadh leictreachais a dhíchúpláil ó bhillí fuinnimh tomhaltóirí agus gnólachtaí. Áiritheoidh tuilleadh deiseanna conarthacha fadtéarmacha i bhfoirm PPAnna, conarthaí le haghaidh difríochta agus réamh-mhargaí gur féidir an chuid den bhille leictreachais a nochtar do mhargaí gearrthéarmacha a laghdú go mór. Ina theannta sin, lena n-áirítear oibleagáid fálaithe ar sholáthróirí agus oibleagáid conarthaí ar phraghsanna seasta a thairiscint, tiocfaidh méadú suntasach ar na roghanna chun an neamhchosaint ar luaineacht praghsanna le haghaidh billí leictreachais a laghdú. Beidh faisnéis níos fearr ag tomhaltóirí freisin maidir le tairiscintí sula gcláróidh siad agus beidh sé d’oibleagáid ar na Ballstáit soláthróirí na dála deiridh a bhunú. Thairis sin, is féidir leo rochtain a fháil ar phraghsanna miondíola rialáilte i ngéarchéim. Is gné nua é an ceart chun fuinneamh a chomhroinnt lena gcumhachtófar tomhaltóirí agus lena dtacófar le leathadh amach díláraithe an fhuinnimh in-athnuaite toisc go dtugann sé níos mó smachta do thomhaltóirí ar a mbillí fuinnimh.

Mínítear sa Doiciméad Inmheánach Oibre conas a chuirfidh an t-athchóiriú sin le hiomaíochas thionscal an Aontais ar bhealach a chomhlánaíonn go hiomlán leis an nGníomh um Thionscal Glan-Nialasach. Beidh sé de cheangal ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na dálaí cearta ann chun go bhforbróidh margaí PPA, rud a chuirfidh rochtain ar leictreachas glan inacmhainne ar

fáil don tionscal san fhadtéarma. Tabharfaidh na feabhsuithe ar na réamh-mhargaí rochtain i bhfad níos mó ar fhuinneamh in-athnuaite trasteorann do thionscail agus do sholáthróirí suas le trí bliana roimh ré, feabhas suntasach i gcomparáid leis an lá atá inniu ann. Ar an iomlán, méadóidh scéimeanna tacaíochta poiblí d'fhuinneamh in-athnuaite neamhspleáchas fuinnimh sna Ballstáit agus dul i bhfód ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh sa chóras agus tacóidh siad le poist áitiúla agus le scileanna áitiúla ag an am céanna.

Léirítear sa doiciméad go gcuirfidh an t-athchóiriú sin dlús le leathadh amach foinsí in-athnuaite agus go mbainfear leas as acmhainneacht giniúna láidir agus réitigh solúbthachta chun cur ar chumas na mBallstát leibhéil fuinnimh in-athnuaite atá níos airde ná riamh a chomhtháthú. Molann an Coimisiún go ndéanfadh na Ballstáit measúnú ar an ngá atá acu le solúbthacht sa chóras cumhachta agus ceadaíonn sé scéimeanna nua tacaíochta a thabhairt isteach maidir le freagairt don éileamh agus stóráil. Tugtar isteach leis an togra freisin féidearthachtaí breise d'fhoinsí in-athnuaite chun trádáil a dhéanamh níos gaire don fhíor-am ar an leibhéal trasteorann agus ar an leibhéal náisiúnta. Ar an gcaoi sin, is fearr is féidir leis an margadh tacú le comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh agus leis an gcás gnó maidir le réitigh solúbthachta a d'fhéadfadh cur le cinnteacht an tsoláthair.

Ar deireadh, tugtar tuairisc sa Doiciméad Inmheánach Oibre ar an gcaoi a bhfreagraíonn an togra seo don iarraidh ón gComhairle Eorpach measúnú a dhéanamh ar bhealaí chun feidhmiú dhearadh an mhargaidh leictreachais a bharrfheabhsú i gcomhthéacs na géarchéime fuinnimh. Is é is aidhm dó tomhaltóirí a chosaint, maolán a chruthú eatarthu agus margaí gearrthéarmacha leictreachais trí chonradh níos fadtéarmaí agus na margaí gearrthéarmacha sin a chur ag obair ar bhealach níos éifeachtúla le haghaidh foinsí in-athnuaite agus réitigh solúbthachta, le maoirseacht rialála níos fearr. Áirithítear leis an togra seo go leanfaidh rialacha an mhargaidh de bheith oiriúnach dá bhfeidhm chun dícharbónú costéifeachtach earnáil an leictreachais a spreagadh agus chun a hathléimneacht in aghaidh luaineacht praghsanna fuinnimh a mhéadú.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá an t-ullmhúchán don togra reachtach atá ann faoi láthair agus don Doiciméad Inmheánach Oibre bunaithe ar chorpas mór ábhair, dá dtagraítear sna fonótaí sa Doiciméad Inmheánach Oibre, agus ar na freagraí ar an gcomhairliúchán poiblí.

- **Cearta bunúsacha**

D’fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag an togra reatha ar thacar de na cearta bunúsacha a bunaíodh i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe: an tsaoirse chun gnó a sheoladh (Airteagal 16) agus an ceart chun maoine (Airteagal 17). Mar a mhínítear thuas, áfach, a mhéid a chuireann na bearta atá beartaithe teorainn le feidhmiú na gceart sin, meastar go bhfuil na tionchair sin riachtanach agus comhréireach chun cuspóirí an togra a bhaint amach agus, dá bhrí sin, gurb ionann iad agus teorainneacha dlisteanacha na gceart sin mar a cheadaítear faoin gCairt.

Ar an taobh eile, cuireann an togra le cosaint na gceart bunúsach, amhail an meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh (Airteagal 7), an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 8), an toirmeasc ar idirdhealú (Airteagal 21), rochtain ar sheirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne (Airteagal 36), ardleibhéal cosanta comhshaoil a chomhtháthú (Airteagal 37) agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil (Airteagal 47), go háirithe trí roinnt forálacha a bhaineann le cumhachtú, cearta agus cosaint tomhaltóirí.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Dírítear sna leasuithe atá beartaithe ar an Treoir maidir le Leictreachas, ar an Rialachán maidir le Leictreachas, ar an Rialachán maidir le Sláine agus Trédhearcacht an Mhargaidh Fuinnimh agus ar Rialachán ACER ar a bhfuil riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a bhaineann le dearadh reatha an mhargaidh leictreachais i gcomhthéacs na géarchéime fuinnimh agus chun cur le huaillmhian aeráide an Aontais ar bhealach costéifeachtach. Ní athbhreithniú iomlán ar na hionstraimí sin iad.

Féadfaidh an togra ceanglais riaracháin a mhéadú do riaracháin náisiúnta agus do ghnóthais, ach é sin a dhéanamh ar bhealach comhréireach mar a mhínítear thuas. Mar shampla, d’fhéadfadh costais riaracháin agus ualach méadaithe ar ghnóthais agus ar riaracháin náisiúnta a bheith mar thoradh ar na bearta atá beartaithe chun spreagadh a thabhairt d’úsáid conarthaí fadtéarmacha amhail comhaontuithe ceannaigh cumhachta agus conarthaí dhá threo le haghaidh difríochtaí. Mar sin féin, rachaidh na tionchair eacnamaíocha atá beartaithe chun tairbhe do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí.

D’fhéadfadh tionchar gearrthéarmach a bheith ag na bearta atá beartaithe chun leachtacht agus comhtháthú na margaí a fheabhsú do ghnólachtaí freisin, ós rud é go gcaithfí iad sin a chur in oiriúint do shocruithe nua trádála. Meastar, áfach, gur beag an méid sin i gcomparáid leis an

gcreat atá ann faoi láthair, ós rud é go sáródh gnóthachain eacnamaíocha an athchóirithe aon atheagrú riaracháin gearrthéarmach nó fadtéarmach den chuid is mó.

Leis na bearta atá beartaithe chun cumhachtú, cearta agus cosaintí tomhaltóirí a neartú, méadófar na dualgais agus na hoibleagáidí a chuirtear ar sholáthróirí agus ar oibreoirí líonraí agus é de chuspóir acu rogha a fheabhsú, cosaint a mhéadú agus rannpháirtíocht ghníomhach sa mhargadh a éascú do thomhaltóirí, go háirithe do theaghlaigh. Is beag ualach breise atá i gceist, áfach, toisc go bhfuil na creataí sin á gcur i bhfeidhm ar fud na hEorpa agus, dá bhrí sin, tá gá le rialacha a chuíchóiriú.

D'fhéadfadh na bearta atá beartaithe chun feabhas a chur ar chreat REMIT oibleagáidí tuairiscithe ar rannpháirtithe áirithe sa mhargadh a mhéadú, cé gur bearta comhréireacha iad. Meastar iad sin a bheith an-bheag, áfach, i gcomparáid leis an gcreat atá ann faoi láthair ós rud é go sáródh na gnóthachain i dtéarmaí cháilíocht an fhaireacháin agus an fhaireachais margaidh aon chostais riaracháin ghearrthéarmacha nó fhadtéarmacha.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Baineann an tionchar buiséadach a bhaineann leis an togra maidir le dearadh mhargadh leictreachais an Aontais a fheabhsú le hacmhainní Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) agus le hacmhainní Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh a bhfuil tuairisc orthu sa Ráiteas Airgeadais Reachtach a ghabhann leis an togra. Go bunúsach, beidh gá leis na cúraimí nua a bheidh le déanamh ag ACER 4 de choibhéis lánaimseartha bhreise (FTE) do ACER ó 2025 ar aghaidh, chomh maith le hacmhainní airgeadais comhfhreagracha. Tiocfaidh méadú 3 FTE ar ualach oibre Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh.

Baineann an tionchar buiséadach a bhaineann leis an togra lena leasaítear REMIT le hacmhainní Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) agus acmhainní Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh a bhfuil tuairisc orthu sa Ráiteas Airgeadais Reachtach a ghabhann leis an togra. Go bunúsach, maidir leis na cúraimí nua atá le déanamh ag ACER, go háirithe maidir leis na cumhachtaí imscrúdaithe feabhsaithe, ní mór 25 choibhéis lánaimseartha bhreise (FTE) a thabhairt isteach de réir a chéile in ACER ó 2025 ar aghaidh, chomh maith le hacmhainní airgeadais comhfhreagracha, cé go maoineofar formhór na mball foirne breise le táillí. Chuige sin, is gá Cinneadh (AE) 2020/2152 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2020 maidir le táillí atá dlite do ACER do chúraimí faoi REMIT a oiriúnú. Tiocfaidh méadú 2 FTE ar ualach oibre Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar na Ballstáit agus ar ghníomhaithe eile i dtaca lena dtrasuí agus lena gcomhréireacht i leith na mbeart a ghlacfar ar deireadh, agus glacfaidh sé bearta feidhmiúcháin, de réir mar a theastódh a leithéid. Chun críocha faireacháin agus cur chun feidhme, tacóidh ACER go háirithe leis an gCoimisiún, go háirithe maidir le Rialachán REMIT. Déanfaidh an Coimisiún idirchaidreamh freisin le ACER agus leis na húdaráis rialála náisiúnta maidir leis an Rialachán maidir le Leictreachas agus an Treoir maidir le Leictreachas.

Ina theannta sin, chun an cur chun feidhme a éascú, beidh an Coimisiún ar fáil le haghaidh cruinnithe déthaobhacha agus glaonna leis na Ballstáit i gcás ceisteanna sonracha.

- **Míniú ar fhorálacha sonracha na dtograí**

Leis na leasuithe a bhaineann leis an Rialachán maidir le Leictreachas, tugtar soiléiriú ar raon feidhme agus ar ábhar an Rialacháin, agus cuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann le comharthaí margaidh neamhshaofa chun foráil a dhéanamh do sholúbthacht mhéadaithe chomh maith le ról na n-infheistíochtaí fadtéarmacha chun luaineacht phraghsanna margaidh gearrthéarmacha ar bhillí leictreachais tomhaltóirí a mhaolú, lena n-áirítear tionscail atá dian ar fhuinneamh, FBManna agus teaghlaigh. Soiléiríonn sé príomhphrionsabail áirithe maidir le trádáil sna margaí lá roimh ré agus ionlae. Déantar foráil ann maidir le rialacha nua a bhaineann le soláthar freagartha don éileamh ag OCTanna i bhfoirm táirge buaicscafa agus rialacha lena gceadaítear d’oibreoirí córas tarchurtha agus d’oibreoirí córas dáileacháin úsáid a bhaint as sonraí ó fheistí méadraithe tiomnaithe. Leagtar amach ann rialacha nua maidir le margaí leictreachais chun cinn, chun a leachtacht a fheabhsú. Áirítear leis rialacha nua arb é is aidhm dóibh ról agus úsáid conarthaí fadtéarmacha a shoiléiriú agus a dhreasú i bhfoirm comhaontuithe ceannaigh cumhachta agus conarthaí dhá threo le haghaidh difríochta. Déantar foráil ann maidir le rialacha nua maidir le measúnú a dhéanamh ar na riachtanais solúbthachta atá ag na Ballstáit, maidir leis an bhféidearthacht atá acu scéimeanna tacaíochta solúbthachta agus prionsabail deartha a thabhairt isteach le haghaidh scéimeanna tacaíochta solúbthachta den sórt sin. Tugtar isteach leis freisin ceanglais trédhearcachta nua d’oibreoirí córas tarchurtha a mhéid a bhaineann leis an acmhainneacht atá ar fáil do naisc nua san eangach.

Foráiltear leis na leasuithe a bhaineann leis an Treoir maidir le Leictreachas do rialacha nua maidir le tomhaltóirí a chosaint agus a chumhachtú. Leis an leasú maidir le Saor-rogha an tSoláthróra tugtar isteach ceanglais nua chun a áirithiú go bhfuil custaiméirí in ann níos mó ná soláthróir amháin a bheith acu ar a n-áitreabh, trí mhéadair iolracha (ar a dtugtar fomhéadair uaireanta) a chumasú le haghaidh pointe nasctha aonair.

Áirithítear leis na leasuithe maidir le cumhachtú agus cosaint tomhaltóirí go dtairgtear conarthaí éagsúla do chustaiméirí is fearr a oireann dá gcúinsí, trína áirithiú go mbeidh tairiscint praghsanna sheasta amháin ar a laghad ag na custaiméirí uile. Ina theannta sin, ní mór faisnéis shoiléir réamhchonarthach a sholáthar do chustaiméirí i ndáil leis na tairiscintí sin.

Bunaítear ceart nua do theaghlaigh agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide freisin chun páirt a ghlacadh i gcomhroinnt fuinnimh – is é sin féintomhaltas fuinnimh in-athnuaite na gcustaiméirí gníomhacha a ghintear nó a stóráiltear lasmuigh den láthair ó shaoráidí ar leo iad, a léasaíonn siad, a ligeann siad ar cíos ina n-iomláine nó i bpáirt nó a d'aistrigh custaiméir gníomhach eile chucu.

Tugtar isteach cosaintí nua tábhachtacha do chustaiméirí freisin chun soláthar leanúnach leictreachais a áirithiú – lena n-áirítear an ceanglas ar na Ballstáit soláthróirí na dála deiridh a cheapadh a ghlacann freagracht as custaiméirí soláthróirí ar theip orthu agus cosaint ar dhícheangal do chustaiméirí leochaileacha. Beidh sé de cheangal ar sholáthraithe freisin bainistíocht riosca a chur i bhfeidhm chun an riosca teipe a theorannú, trí straitéisí fálaithe iomchuí a chur chun feidhme. Déanfaidh na húdaráis rialála náisiúnta maoirseacht orthu sin.

Leis na leasuithe ar an Treoir maidir le Leictreachas tugtar isteach ceanglais trédhearcachta nua d'oibreoirí córais dáileacháin a mhéid a bhaineann leis an acmhainneacht atá ar fáil do naisc nua san eangach. Soiléirítear leis ról na n-údarás rialála maidir leis an aon ardán amháin um leithdháileadh a bunaíodh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1719.

Leis na leasuithe a bhaineann le Rialachán REMIT, cuirtear raon feidhme REMIT in oiriúint do na himthosca atá ann faoi láthair agus d'athraitheacha sa mhargadh trí *inter alia* raon feidhme an tuairiscithe sonraí a leathnú chuig margaí nua don chothromú leictreachais agus chuig margaí cúpláilte chomh maith le trádáil algartamach. Áirithítear leis comhar níos láidre, níos seanbhunaithe agus níos rialta idir rialtóirí fuinnimh agus rialálaithe airgeadais, lena n-áirítear ACER agus ESMA maidir le táirgí mórdhíola fuinnimh díorthacha. Cuirfidh sé feabhas freisin ar an bpróiseas chun faisnéis ón taobh istigh agus trédhearcacht an mhargaidh

a bhailiú trí fheabhas a chur ar an maoirseacht ar ACER agus ar an gcoigeartú ar shainmhíniú na faisnéise ón taobh istigh. Cuireann leasuithe ar Rialachán REMIT feabhas ar an bhfaireachas ar pháirtithe tuairiscithe amhail Sásraí Tuairiscithe Cláraithe (RRManna) agus ar dhaoine a shocraíonn idirbhearta go gairmiúil. Cuireann leasuithe feabhas ar na féidearthachtaí maidir le comhroinnt sonraí idir ACER, na húdaráis náisiúnta ábhartha agus an Coimisiún. Tugtar isteach le leasú REMIT ról níos láidre do ACER in imscrúduithe ar chásanna suntasacha trasteorann chun sáruithe REMIT a chomhrac. Leagtar amach ann freisin an creat le haghaidh comhchuibhiú fíneálacha arna leagan síos ag údaráis rialála ar an leibhéal náisiúnta.

Is é is aidhm do na leasuithe a bhaineann le Rialachán ACER ról ACER a shoiléiriú maidir leis aon ardán amháin um leithdháileadh arna bhunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1719 agus a mhéid a bhaineann leis na rialacha nua a tugadh isteach sa Rialachán maidir le Leictreachas a bhaineann le réamh-mhargaí agus scéimeanna tacaíochta solúbthachta. Soiléirítear leis freisin ról agus inniúlachtaí ACER i gcomhréir leis an leasú ar Rialachán REMIT. Is é is aidhm do leasú RED II raon feidhme chur i bhfeidhm na rialacha maidir leis na cineálacha scéimeanna díreacha tacaíochta praghsanna le haghaidh foinsí fuinnimh in-athnuaite a fhéadfaidh na Ballstáit a thabhairt isteach a shoiléiriú.

2023/0076 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1227/2011 agus (AE) 2019/942 chun feabhas a chur ar chosaint an Aontais ar chúbláil margaidh sa mhargadh mórdhíola fuinnimh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Teastaíonn sláine agus trédhearcacht na margaí mórdhíola fuinnimh chun iomaíocht oscailte chóir a áirithiú sna margaí inmheánacha leictreachais agus gás agus chun cothrom iomaíochta a áirithiú do rannpháirtithe sa mhargadh. Le Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, bunaítear creat cuimsitheach ('REMIT') chun an cuspóir sin a bhaint amach. Chun feabhas a chur ar mhuinín an phobail as margaí fuinnimh feidhmiúla agus chun an tAontas a chosaint go héifeachtach ar iarrachtaí ar chúbláil margaidh, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 a leasú chun trédhearcacht neamhleor agus acmhainneachtaí faireacháin a fheabhsú a thuilleadh agus chomh maith leis sin chun a áirithiú go ndéanfar imscrúdú agus forfheidhmiú níos éifeachtaí ar chásanna féideartha de mhí-úsáid trasteorann an mhargaidh, agus aghaidh á tabhairt ar na heasnaimh a shainaithnítear sa chreat reatha.

(2) Tá tábhacht mhéadaitheach le hionstraimí airgeadais, lena n-áirítear díorthaigh fuinnimh, a thrádáiltear ar mhargaí fuinnimh. Mar gheall ar an idirghaol idir margaí airgeadais agus margaí mórdhíola fuinnimh atá ag éirí níos dlúithe, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 a ailíniú níos fearr le reachtaíocht an mhargaidh airgeadais amhail Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

gComhairle[17], lena n-áirítear é sin a dhéanamh maidir leis na sainmhínithe ar chúbláil margaidh agus ar fhaisnéis ón taobh istigh faoi seach. Go sonrach, ba cheart an sainmhíniú ar chúbláil margaidh i Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 a choigeartú beagán chun go mbeidh sé ar aon dul le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014. Chuige sin, ba cheart an sainmhíniú ar chúbláil margaidh faoi Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 a choigeartú ní hamháin chun aon idirbheart a dhéantar a chumhdach, nó chun aon ordú trádála a eisiatar a chumhdach, ach chun aon iompraíocht eile a bhaineann le táirgí mórdhíola fuinnimh a chumhdach freisin, ar iompraíocht í: (i) lena ndéantar, nó ar dóigh di, comharthaí bréagacha nó míthreoracha a thabhairt maidir le soláthar táirgí mórdhíola fuinnimh nó maidir leis an éileamh nó leis an bpraghas atá orthu; (ii) lena ndéanann duine, nó daoine ag gníomhú i gcomhar le chéile, a chur faoi deara go mbeadh an praghas atá ar tháirge mórdhíola fuinnimh amháin nó níos mó ar leibhéal saorga, nó (iii) lena n-úsáidtear seift shamhailteach nó aon chineál eile meabhlaireachta nó saorgachta, ar ní é ar dóigh dó comharthaí bréagacha nó míthreoracha a thabhairt maidir le soláthar táirgí mórdhíola fuinnimh nó maidir leis an éileamh nó leis an bpraghas atá orthu.

(3) Ba cheart an sainmhíniú ar fhaisnéis ón taobh istigh a choigeartú freisin chun go mbeidh sé ar aon dul le Rialachán (AE) 596/2014. Nuair a bhaineann faisnéis ón taobh istigh le próiseas a tharlaíonn ina chéimeanna, go háirithe, d'fhéadfadh faisnéis ón taobh istigh a bheith i gceist le gach céim den phróiseas chomh maith leis an bpróiseas foriomlán. Féadfaidh gurb ionann céim idirmheánach i bpróiseas fadálach ann féin agus sraith imthosca nó teagmhas atá ann nó a bhfuil ionchas réalaíoch ann go dtiocfadh ann dóibh nó go dtarlóidh siad, ar bhonn measúnú foriomlán ar na fachtóirí atá ann cheana féin ag an am ábhartha. Níor cheart an coincheap sin a léirmhíniú mar ní a chiallaíonn go gcaithfear méid éifeacht na sraithe imthosca sin nó an teagmhais sin ar phraghsanna na n-ionstraimí airgeadais lena mbaineann a chur san áireamh. Maidir le céim idirmheánach, ba cheart a mheas gur faisnéis ón taobh istigh í má chomhlíonann sí, uaithi féin, na critéir a leagtar síos sa Rialachán seo maidir le faisnéis ón taobh istigh.

(4) Tá an Rialachán seo gan dochar do Rialacháin (AE) 596/2014, 600/2014 agus 648/2012, agus tá sé gan dochar do Threoir (AE) 2014/65 chomh maith le cur i bhfeidhm dhlí iomaíochta na hEorpa maidir leis na cleachtais a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

(5) Is gné lárnach den chomhar agus de bhrath sáruithe féideartha sna margaí mórdhíola fuinnimh agus sna margaí airgeadais araon é faisnéis a roinnt idir na húdaráis rialála náisiúnta agus na húdaráis airgeadais inniúla náisiúnta. I bhfianaise an mhalartaithe faisnéise idir údaráis inniúla de bhun Rialachán (AE) 596/2014 ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta faisnéis ábhartha a fhaigheann siad a roinnt le húdaráis náisiúnta airgeadais agus iomaíochta.

(6) I gcás nach bhfuil faisnéis íogair ó thaobh na tráchtála nó na slándála de, nó nach bhfuil an fhaisnéis sin íogair a thuilleadh, ba cheart an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ('an Ghníomhaireacht' nó 'ACER') a bheith in ann an

---

[17] Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún (IO L 173, 12.6.2014, lch. 1).

fhaisnéis sin a chur ar fáil do rannpháirtithe sa mhargadh agus don phobal i gcoitinne d'fhonn rannchuidiú a dhéanamh maidir le heolas feabhsaithe ar an margadh. Ba cheart a áirithiú leis sin an fhéidearthacht do ACER faisnéis a fhoilsiú maidir le margaí eagraithe, IIPanna agus RRManna de réir na ndlíthe is infheidhme maidir le cosaint sonraí ar mhaithe le feabhas a chur ar thrédhearcacht na margaí mórdhíola fuinnimh agus ar choinníoll nach ndéanfaidh sé saobhadh ar an iomaíocht sna margaí fuinnimh sin.

(7) Margaí eagraithe a dhéanann gníomhaíochtaí a bhaineann le trádáil táirgí mórdhíola fuinnimh ar ionstraimí airgeadais iad faoi Airteagal 4(1)(15) de Threoir (AE) 2014/65, údarófar go cuí iad de bhun cheanglais na Treorach sin.

(8) Tháinig forbairt mhór ar úsáid na teicneolaíochta trádála le 10 mbliana anuas agus tá níos mó úsáide á baint aisti ar na margaí mórdhíola fuinnimh. Úsáideann go leor rannpháirtithe sa mhargadh trádáil algartamach agus teicnící algartamacha ardmhinicíochta le hidirghabháil íosta dhaonna nó gan aon idirghabháil dhaonna. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a eascraíonn as na cleachtais sin faoi Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011.

(9) Tá comhlíonadh na n-oibleagáidí tuairiscithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 agus cáilíocht na sonraí a fhaigheann an Ghníomhaireacht ríthábhachtach chun faireachán éifeachtach ar sháruithe féideartha agus a mbrath éifeachtach a áirithiú chun cuspóir Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 a bhaint amach. Tá éifeacht dhochrach ag neamhréireachtaí maidir le cáilíocht, formáidiú, iontaofacht agus costas sonraí trádála ar thrédhearcacht, cosaint tomhaltóirí agus éifeachtúlacht an mhargaidh. Tá sé fíor-riachtanach go mbeidh an fhaisnéis a gheobhaidh an Ghníomhaireacht cruinn agus iomlán ionas go bhféadfaidh sí a cuid cúraimí agus feidhmeanna a dhéanamh go héifeachtach.

(10) Chun feabhas a chur ar fhaireachán margaidh na Gníomhaireachta agus bailiú sonraí a dhéanamh níos iomláine, ní mór feabhas a chur ar an gcóras tuairiscithe atá ann faoi láthair. Ba cheart na sonraí a bhailítear a leathnú chun bearnaí i mbailiú sonraí a shárú agus chun margaí cúpláilte, margaí nua cothromúcháin, conarthaí le haghaidh margaí cothromúcháin agus táirgí a d'fhéadfadh a bheith insoláthartha san Aontas a chuimsiú. Ba cheart a cheangal ar mhargaí eagraithe tacar iomlán sonraí an leabhair orduithe a sholáthar don Ghníomhaireacht. Ba cheart soláthraithe leabhar orduithe a ainmniú freisin mar dhaoine a shocraíonn idirbhearta go gairmiúil faoi réir na hoibleagáide faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar sháruithe amhrasta.

(11) Ba cheart ról tábhachtach a bheith ag na hArdáin um Fhaisnéis ón Taobh Istigh (IIPanna) maidir le faisnéis ón taobh istigh a fhoilsiú go héifeachtach agus go tráthúil. Ba cheart é a bheith sainordaitheach faisnéis ón taobh istigh maidir le IIPanna tiomnaithe a nochtadh chun an fhaisnéis a dhéanamh inrochtana go héasca agus chun feabhas a chur ar thrédhearcacht. Chun muinín as IIPanna a áirithiú, ba cheart iad a údarú agus a chlárú.

(12) Chun tuairisciú sonraí chuig an nGníomhaireacht a chuíchóiriú agus a dhéanamh níos éifeachtaí, ba cheart an fhaisnéis a sholáthar trí Shásraí Tuairiscithe Cláraithe (RRManna) agus ba cheart don Ghníomhaireacht oibriú RRManna a údarú. Ba cheart do RRManna na coinníollacha maidir le húdarú agus cosaint sonraí a chomhlíonadh i gcónaí. Ba cheart don Ghníomhaireacht clár de gach RRM san Aontas a bhunú freisin.

(13) Chun faireachán a éascú chun trádáil fhéideartha a bhrath ar bhonn na faisnéise ón taobh istigh agus cháilíocht sonraí na faisnéise a bhailítear, ní mór bailiú faisnéise ón taobh istigh a ailíniú leis na próisis reatha chun sonraí trádála a thuairisciú.

(14) Tá sé d'oibleagáid ar dhaoine a shocraíonn agus a fhorghníomhaíonn idirbhearta go gairmiúil idirbhearta amhrasacha a thuairisciú de shárú ar na forálacha maidir le trádáil chos istigh agus cúbláil margaidh. Chun feabhas a chur ar an bhféidearthacht na sáruithe sin a fhorfheidhmiú, ba cheart an oibleagáid a bheith ar na daoine a shocraíonn idirbhearta go gairmiúil tuairisc a thabhairt ar orduithe amhrasacha agus sáruithe féideartha ar an oibleagáid faisnéis ón taobh istigh a fhoilsiú freisin. Ba cheart a mheas gur daoine a shocraíonn idirbhearta go gairmiúil iad soláthraithe rochtana leictreonaí dírí agus soláthraithe leabhar orduithe roinnte.

(15) Le Rialachán (AE) 2015/1222 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainneachta agus bainistiú ar phlódú, foráiltear go bhféadfadh tríú tír a bheith rannpháirteach i gcúpláil amháin lá roimh ré agus i gcúpláil amháin ionlae san Aontas in earnáil an leictreachais. Ós rud é go n-úsáideann an t-oibreoir cúplála margaidh algartam sonrach chun tairiscintí ceannaigh agus tairiscintí díola a mheaitseáil ar an mbealach is fearr, d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh air sin go ndéanfaí orduithe chun trádáil a dhéanamh i dtríú tír atá rannpháirteach i gcúpláil amháin lá roimh ré agus i gcúpláil amháin ionlae san Aontas ach go mbeadh conradh maidir le soláthar leictreachais agus seachadadh san Aontas mar thoradh air sin. Maidir le horduithe den sórt sin chun trádáil a dhéanamh i dtríú tíortha atá rannpháirteach i gcúpláil amháin lá roimh ré agus cúpláil amháin ionlae san Aontas a bhféadfadh seachadadh san Aontas a bheith mar thoradh orthu, ba cheart iad a chumhdach leis an sainmhíniú ar tháirge mórdhíola fuinnimh de bhun an Rialacháin seo.

(16) Chun measúnú cruinn oibiachtúil iontaofa a fháil ar phraghas sheachadtaí GNL chuig an Aontas, ba cheart don Ghníomhaireacht na sonraí margaidh GNL uile a bhailiú a bhfuil gá leo chun measúnú laethúil ar phraghas GNL a bhunú. Ba cheart an measúnú ar phraghsanna a dhéanamh ar bhonn gach idirbhirt a bhaineann le seachadtaí GNL chuig an Aontas. Ba cheart ACER a chumhachtú chun na sonraí margaidh sin a bhailiú ó na rannpháirtithe go léir atá gníomhach i seachadtaí GNL chuig an Aontas. Ba cheart oibleagáid a bheith ar gach rannpháirtí den sórt sin a gcuid sonraí margaidh GNL uile a thuairisciú do ACER chomh gar d'fhíor-am agus is féidir ó thaobh na teicneolaíochta de, tar éis idirbheart a chur i gcrích nó tar éis tairiscint cheannaigh nó tairiscint díola a phostú chun idirbheart a dhéanamh. Ba cheart an tacar sonraí is iomláine lena n-áirítear praghsanna idirbheart agus, ón 31 Márta 2023 ar aghaidh, praghsanna tairisceana ceannaigh agus praghsanna tairisceana díola ar sheachadtaí GNL chuig an Aontas a chuimsiú i measúnú ACER ar phraghsanna. Le foilsiú laethúil an mheasúnaithe oibiachtúil sin ar phraghsanna, agus an raon difríochta arna bhunú i gcomparáid le praghsanna tagartha eile ar an margadh i bhfoirm thagarmharc GNL, réitítear an bealach do rannpháirtithe sa mhargadh an measúnú a ghlacadh go deonach mar an praghas tagartha ina gconarthaí agus ina n-idirbhearta. Nuair a bhunófar é, d'fhéadfadh measúnú GNL ar phraghsanna agus tagarmharc GNL a bheith ina ráta tagartha le haghaidh conarthaí díorthach a úsáidtear chun praghas GNL nó an difríocht sa phraghas idir praghas GNL agus praghsanna gáis eile a fhálú.

(17) D'fhéadfadh tarmligean cúraimí agus freagrachtaí a bheith ina ionstraim éifeachtach chun dúbailt cúraimí a laghdú, comhar a chothú agus an t-ualach a chuirtear ar rannpháirtithe sa mhargadh a laghdú. Dá bhrí sin, ba cheart bunús dlí soiléir a sholáthar maidir leis an tarmligean sin. Ba cheart na húdaráis rialála náisiúnta a bheith

in ann cúraimí agus freagrachtaí a tharmligean chuig údarás rialála náisiúnta eile. Ba cheart é a bheith indéanta coinníollacha sonracha a thabhairt isteach agus raon feidhme an tarmligin a theorannú don mhéid is gá chun maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar rannpháirtithe trasteorann sa mhargadh nó ar ghrúpaí trasteorann sa mhargadh. Ba cheart na toscaireachtaí a rialú tríd an bprionsabal inniúlacht a leithdháileadh ar an údarás is fearr atá in ann gníomhú ar an ábhar.

(18) Tá gá le creat aonfhoirmeach agus níos láidre chun cúbláil margaidh agus sáruithe eile ar Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 a chosc sna Ballstáit. Ba cheart pionóis as sáruithe ar an Rialachán sin a bheith comhréireach, éifeachtach agus athchomhairleach agus ba cheart dóibh cineál na sáruithe a léiriú, agus an prionsabal *ne bis in idem* á chur san áireamh. Is codanna comhlántacha de chóras forfheidhmiúcháin éifeachtach iad smachtbhannaí riaracháin, íocaíochtaí pionóis agus bearta maoirseachta. Tá gá le cur chuige comhsheasmhach i measc na n-údarás rialála náisiúnta chun maoirseacht chomhchuibhithe a dhéanamh ar an margadh mórdhíola fuinnimh.

(19) Go dtí seo, is iad na Ballstáit a bhí freagrach as maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí faoi Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011. Tá méadú de réir a chéile ag teacht ar chineál trasteorann na hiompraíochta a bhaineann le mí-úsáid an mhargaidh, agus is minic a bhíonn tionchar aici ar roinnt Ballstát. Is féidir le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin in aghaidh mí-úsáid trasteorann an mhargaidh a bheith ina cúis le dúshláin dlínsiúla a bhaineann le sainaithint an údaráis rialála náisiúnta arbh fhearr ab fhéidir leanúint den imscrúdú atá i gceist.

(20) Baineann dúshlán ar leith ó thaobh an fhorfheidhmithe de freisin le cásanna de mhí-úsáid an mhargaidh lena mbaineann an iliomad eilimintí trasteorann agus rannpháirtithe sa mhargadh atá bunaithe lasmuigh den Aontas. Níl an socrú maoirseachta atá ann faoi láthair oiriúnach do chomhtháthú margaidh ar an leibhéal is inmhianaithe. Ní ann do shásra chun na cinntí maoirseachta is fearr is féidir a áirithiú le haghaidh cásanna trasteorann i gcás ina bhfuil gá le socruithe casta faoi láthair chun gníomhaíocht chomhpháirteach na n-údarás rialála náisiúnta agus na Gníomhaireachta a áirithiú agus i gcás ina bhfuil meascán córas maoirseachta ann, agus ní mór aghaidh a thabhairt ar an méid sin. Is gá, dá bhrí sin, córas éifeachtúil agus éifeachtach maoirseachta agus imscrúdaithe a chur ar bun le haghaidh cásanna den chineál sin de mhí-úsáid an mhargaidh, rud nach féidir, mar gheall ar a ghnéithe uile-Aontais, aghaidh a thabhairt air le gníomhaíocht na mBallstát amháin.

(21) An t-imscrúdú ar sháruithe ar an Rialachán seo a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo, ba cheart é a dhéanamh trí phróiseas aonfhoirmeach ar leibhéal an Aontais. Tá gá le rannpháirtíocht na Gníomhaireachta, go háirithe i margadh fuinnimh níos comhtháite, mar gheall ar chastacht na gcásanna trasteorann agus ar an ngá atá le hacmhainní leordhóthanacha a áirithiú do na cásanna sin. Ó tháinig Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 i bhfeidhm, tá taithí nach beag faighte ag an nGníomhaireacht maidir le faireachán a dhéanamh ar na margaí mórdhíola fuinnimh san Aontas agus sonraí ábhartha fúthu a bhailiú chun a sláine agus a dtrédhearcacht a áirithiú. Ar bhonn na taithí sin, ba cheart an Ghníomhaireacht a chumhachtú le himscrúduithe a dhéanamh chun sáruithe ar fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 a chomhrac. Ba cheart don Ghníomhaireacht imscrúduithe den sórt sin a dhéanamh i gcomhar leis na húdaráis rialála náisiúnta chun tacú lena ngníomhaíochtaí forfheidhmithe agus chun iad a chomhlánú. Ar an gcuma chéanna, i gcomhthéacs imscrúdú arna dhéanamh ag an nGníomhaireacht, i gcás inar gá, ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta ábhartha oibriú i gcomhar lena chéile chun cúnamh a thabhairt don Ghníomhaireacht.

(22) Ba cheart an Ghníomhaireacht a chumhachtú le himscrúduithe a dhéanamh trí chigireachtaí ar an láthair a dhéanamh agus trí iarrataí ar fhaisnéis a eisiúint chuig na daoine atá faoi imscrúdú, go háirithe i gcás ina bhfuil gné shoiléir thrasteorann ag baint le sáruithe amhrasta ar Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011. Agus na cigireachtaí ar an láthair á ndéanamh aici agus iarrataí ar fhaisnéis á n-eisiúint aici chuig na daoine atá faoi imscrúdú, ba cheart don Ghníomhaireacht oibriú i gcomhar go dlúth agus go gníomhach leis na húdaráis rialála náisiúnta ábhartha, agus ba cheart dóibh, ina dhiaidh sin, cúnamh iomlán a thabhairt don Ghníomhaireacht, lena n-áirítear é sin a dhéanamh i gcás ina ndiúltaíonn duine a bheith faoi réir na cigireachta nó an fhaisnéis a iarradh a sholáthar. Tá sé tábhachtach go n-urramófar go hiomlán ráthaíochtaí nós imeachta agus cearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann faoi réir imscrúduithe na Gníomhaireachta. Ba cheart rúndacht na faisnéise arna cur isteach ag na daoine atá faoi réir an imscrúdaithe a choimirciú i gcomhréir le rialacha cosanta sonraí an Aontais is infheidhme.

(23) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 mar a leanas:

[1] Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

[a] Leasaítear an dara mír mar a leanas:

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an trádáil i dtáirgí mórdhíola fuinnimh. Tá an Rialachán seo gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir (AE) 2014/65, Rialachán (AE) 600/2014 agus Rialachán (AE) 648/2012 a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí lena bhfuil baint ag ionstraimí mar a shainítear faoi Airteagal 4(1)(15) de Threoir (AE) 2014/65 chomh maith le cur i bhfeidhm dhlí iomaíochta na hEorpa ar na cleachtais a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

[b] In Airteagal 1(3), cuirtear an dara fomhír seo a leanas leis:

'Déanfaidh an Ghníomhaireacht, na húdaráis rialála náisiúnta, an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí agus údaráis airgeadais inniúla na mBallstát faisnéis agus sonraí ábhartha a mhalartú go háirithe ar bhonn rialta, uair sa ráithe ar a laghad, maidir le sáruithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhaineann le táirgí mórdhíola fuinnimh a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

[2] Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

[a] leasaítear pointe (1) mar seo a leanas:

sa dara fomhír, cuirtear an pointe (e) seo a leanas léi:

'(e) faisnéis arna cur in iúl ag cliant nó ag daoine eile atá ag gníomhú thar ceann an chliaint a bhaineann le horduithe atá ar feitheamh ag an gcliant i dtáirgí mórdhíola fuinnimh, ar de chineál beacht í a bhaineann go díreach nó go neamhdhíreach le táirge mórdhíola fuinnimh amháin nó níos mó';

[b] cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

'Measfar go bhfuil faisnéis de chineál beacht má léirítear léi gur ann do shraith imthosca nó go bhféadfaí coinne a bheith leis le réasún go dtiocfadh ann don tsraith imthosca sin, nó gur

ann do theagmhas a tharla nó go bhféadfaí coinne a bheith leis le réasún go dtarlódh sé, agus má tá an fhaisnéis sin sonrach go leor le go bhféadfar teacht ar chonclúid faoin éifeacht fhéideartha a bheadh ag an tsraith imthosca sin nó ag an teagmhas sin ar phraghsanna táirgí mórdhíola fuinnimh. Féadfar a mheas gur de chineál beacht faisnéis má bhaineann sí le próiseas a bhfuil fad bainte as, ar próiseas é lena bhfuil sé beartaithe imthosca nó teagmhas ar leith a thuismiú nó a n-eascraíonn imthosca nó teagmhas ar leith as, lena n-áirítear imthosca nó teagmhas amach anseo, agus féadfar a mheas gur de chineál beacht í freisin má bhaineann sí le céimeanna idirmheánacha an phróisis sin atá nasctha leis na himthosca nó an teagmhas sin amach anseo a thuismiú nó a n-eascraíonn na himthosca nó an teagmhas sin astu.

Maidir le céim idirmheánach i bpróiseas a bhfuil fad bainte as, más rud é go gcomhlíonann sí, aisti féin, critéir na faisnéise ón taobh istigh dá dtagraítear san Airteagal seo measfar gur faisnéis bheacht í.

Chun críocha mhír 1, ciallóidh faisnéis ar dhócha, dá bpoibleofaí í, go mbeadh tionchar nach beag aici ar phraghsanna na dtáirgí mórdhíola fuinnimh sin faisnéis ar dhócha go mbainfeadh infheisteoir réasúnach úsáid aisti mar chuid den bhonn lena chinntí infheistíochta;

[c] cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (2), pointe (a):

*(2) ciallaíonn 'cúbláil margaidh':*

(a) aon idirbheart a dhéantar, aon ordú trádála a eisiatar nó aon iompraíocht eile a bhaineann le táirgí mórdhíola fuinnimh:

(i) lena ndéantar, nó ar dóigh dó, comharthaí bréagacha nó míthreoracha a thabhairt maidir le soláthar táirgí mórdhíola fuinnimh nó maidir leis an éileamh nó leis an bpraghas atá orthu;

(ii) lena ndéanann, nó lenar dócha go ndéanfaidh, duine, nó daoine ag gníomhú i gcomhar le chéile, a chur faoi deara go mbeadh an praghas atá ar tháirge mórdhíola fuinnimh amháin nó níos mó ar leibhéal saorga, mura rud é go suíonn an duine a rinne an t-idirbheart nó a d'eisigh an t-ordú trádála go bhfuil cúiseanna dlisteanacha aige lena dhéanamh amhlaidh agus go bhfuil an t-idirbheart sin nó an t-ordú trádála sin i gcomhréir le cleachtais mhargaidh a nglactar leo ar an margadh mórdhíola fuinnimh lena mbaineann; nó

(iii) lena n-úsáidtear seift shamhailteach nó aon chineál eile meabhlaireachta nó saorgachta, ar ní é a thabharfaidh, nó ar dóigh dó a thabhairt, comharthaí bréagacha nó

míthreoracha maidir le soláthar táirgí mórdhíola fuinnimh nó maidir leis an éileamh nó leis an bpraghas atá orthu;

nó

[d] i mír (2), cuirtear an pointe (c) seo a leanas léi agus cuirtear an focal 'nó' roimpi ag deireadh phointe (b):

'(c) faisnéis atá bréagach nó míthreorach a tharchur nó ionchuir atá bréagach nó míthreorach a sholáthar i ndáil le tagarmharc i gcás ina raibh a fhios ag an duine a rinne an tarchur nó a sholáthair an t-ionchur, nó gur cheart go mbeadh a fhios aige, go raibh sé bréagach nó míthreorach, nó aon iompraíocht eile a mbíonn cúbláil ar ríomh tagarmhairc mar thoradh uirthi.';

[e] ag deireadh mhír (2), cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

'Féadfaidh cúbláil margaidh iompar duine dhlítheanaigh a ainmniú, ach féadfaidh sí freisin, i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh nó leis an dlí náisiúnta, iompar na ndaoine nádúrtha a ainmniú a ghlacann páirt sa chinneadh gníomhaíochtaí a dhéanamh le haghaidh chuntas an duine dhlítheanaigh lena mbaineann.';

[f] cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (4), pointe (a):

**'**_(4) ciallaíonn 'táirgí mórdhíola fuinnimh' na conarthaí agus na díorthaigh seo a leanas, gan spleáchas don áit agus don dóigh ina dtrádáiltear iad:_

_(a) conarthaí maidir le leictreachas nó gás nádúrtha a sholáthar i gcás ina ndéantar an seachadadh san Aontas_ nó conarthaí maidir le leictreachas nó gás nádúrtha a sholáthar a bhféadfadh seachadadh san Aontas teacht astu;';

[g] cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (7):

**'**_(7) ciallaíonn 'rannpháirtí sa mhargadh' aon duine, lena n-áirítear oibreoirí córas tarchurtha_ agus daoine a shocraíonn nó a fhorghníomhaíonn idirbhearta go gairmiúil agus iad ag trádáil ar a gcuntas féin, _a dhéanann idirbhearta, lena n-áirítear orduithe a dhéanamh chun trádáil a dhéanamh, i margadh mórdhíola fuinnimh amháin nó níos mó;_**';**

[h] cuirtear an mhír (8a) nua seo a leanas isteach:

‘(8a) ciallaíonn ‘duine a eagraíonn nó a fhorghníomhaíonn idirbhearta go gairmiúil’ duine atá gníomhach go gairmiúil i nglacadh agus i dtarchur orduithe le haghaidh táirgí mórdhíola fuinnimh nó in idirbhearta a fhorghníomhú le haghaidh táirgí mórdhíola fuinnimh;’;

[i] cuirtear an mhír (10a) nua seo a leanas leis:

‘(10a) ciallaíonn ‘an Ghníomhaireacht’ nó ‘ACER’ Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh;’;

[j] cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

‘(16) ciallaíonn ‘sásra tuairiscithe cláraithe’ nó ‘RRM’ duine atá cláraithe faoin Rialachán seo leis an tseirbhís a sholáthar maidir le mionsonraí idirbheart, lena n-áirítear orduithe chun trádáil a dhéanamh, agus sonraí bunúsacha a thuairisciú don Ghníomhaireacht thar ceann rannpháirtithe sa mhargadh;

(17) ciallaíonn ‘ardán um fhaisnéis ón taobh istigh’ nó ‘IIP’ duine atá cláraithe faoin Rialachán seo chun seirbhís a sholáthar maidir le hardán a oibriú chun faisnéis ón taobh istigh a nochtadh agus chun faisnéis nochta ón taobh istigh a thuairisciú don Ghníomhaireacht thar ceann rannpháirtithe sa mhargadh;

(18) ciallaíonn ‘trádáil algartamach’ trádáil i dtáirgí mórdhíola fuinnimh i gcás ina gcinnfear go huathoibríoch le halgartam ríomhaire paraiméadair aonair d’orduithe chun trádáil a dhéanamh amhail cibé a dhéanfar nó nach ndéanfar an t-ordú a thionscnamh, an t-uainiú, praghas nó méid an ordaithe nó conas an t-ordú a bhainistiú tar éis a thíolactha, le hidirghabháil dhaonna theoranta nó gan idirghabháil dhaonna ar bith, agus gan aon chóras a chuimsiú nach n-úsáidtear ach amháin chun orduithe a ródú chuig margadh eagraithe amháin nó níos mó nó chun orduithe a phróiseáil nach mbaineann aon chinneadh paraiméadar trádála leo nó chun orduithe a dheimhniú nó chun próiseáil iar-thrádála a dhéanamh ar na hidirbhearta a forghníomhaíodh;

(19) ciallaíonn ‘rochtain leictreonach dhíreach’ socrú ina gceadaíonn comhalta, rannpháirtí nó cliant de mhargadh eagraithe do dhuine eile a chód trádála a úsáid ionas gur féidir leis an duine orduithe chun trádáil a dhéanamh a bhaineann le táirge mórdhíola fuinnimh a tharchur go leictreonach go díreach chuig an margadh eagraithe, lena n-áirítear socruithe lena mbaineann úsáid bhonneagar an chomhalta nó an rannpháirtí nó an chliaint ag duine, nó aon chóras cónaisc a sholáthraíonn an comhalta nó an rannpháirtí nó an cliant, chun na horduithe

chun trádáil a dhéanamh a tharchur (rochtain dhíreach ar an margadh) agus socruithe i gcás nach n-úsáideann duine bonneagar den sórt sin (rochtain urraithe);

(20) ciallaíonn 'margadh eagraithe' malartú fuinnimh, bróicéir fuinnimh, ardán acmhainneachta fuinnimh nó aon duine eile a shocraíonn nó a fhorghníomhaíonn idirbhearta go gairmiúil, lena n-áirítear soláthraithe leabhar orduithe roinnte ach gan trádáil ar bhonn déthaobhach amháin a áireamh i gcás ina mbíonn beirt daoine nádúrtha ag trádáil ar a gcuntas féin;

(21) ciallaíonn 'trádáil GNL' tairiscintí ceannaigh, tairiscintí díola nó idirbhearta chun GNL a cheannach nó a dhíol: (a) lena sonraítear seachadadh san Aontas; (b) a mbíonn seachadadh san Aontas mar thoradh orthu; nó (c) ina ndéanann contrapháirtí amháin GNL a athghású ag críochfort san Aontas;

(22) ciallaíonn 'sonraí margaidh GNL' taifid ar thairiscintí ceannaigh, ar thairiscintí díola nó ar idirbhearta maidir le trádáil GNL le faisnéis chomhfhreagrach mar a shonraítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014 ón gCoimisiún;

(23) ciallaíonn 'rannpháirtí sa mhargadh GNL' aon duine nádúrtha nó dlítheanach, gan beann ar áit chorpraithe nó áit sainchónaithe an duine sin, a dhéanann GNL a thrádáil;

(24) ciallaíonn 'measúnú ar phraghsanna GNL' praghas tagartha laethúil le haghaidh trádáil GNL a chinneadh i gcomhréir le modheolaíocht a bhunóidh ACER;

(25) ciallaíonn 'tagarmharc GNL' raon difríochta arna chinneadh idir an measúnú laethúil ar phraghsanna GNL agus an praghas socraíochta don chonradh míosa tosaigh le haghaidh Thodhchaíochtaí Gáis TTF a bhunaíonn ICE Endex Markets B.V. ar bhonn laethúil.';

[3] in Airteagal 3(1), cuirtear an dara fomhír seo a leanas leis:

'Measfar freisin gur trádáil chos istigh faisnéis ón taobh istigh a úsáid chun ordú a bhaineann le táirge mórdhíola fuinnimh lena mbaineann an fhaisnéis a chealú nó a leasú i gcás ina ndearnadh an t-ordú sula raibh an fhaisnéis ón taobh istigh ag an duine lena mbaineann.';

[4] Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

[a] i mír 1, cuirtear an dara fomhír seo a leanas léi:

'Nochtfaidh rannpháirtithe sa mhargadh an fhaisnéis ón taobh istigh trí IIPanna. Áiritheoidh na IIPanna go gcuirfear an fhaisnéis ón taobh istigh ar fáil go poiblí ar bhealach a gcuirfidh ar

a chumas don phobal rochtain thapa a fháil uirthi, lena n-áirítear rochtain trí chomhéadan feidhmchláir soiléir, agus measúnú iomlán, ceart agus tráthúil a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin.’;

[b] cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

Maidir le foilsiú faisnéise ón taobh istigh, lena n-áirítear a fhoilsiú i bhfoirm chomhiomlánaithe, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 nó (CE) Uimh. 715/2009, nó le treoirlínte agus cóid ghréasáin arna nglacadh de bhun na Rialachán sin, is nochtadh poiblí é ~~,~~ atá iomlán agus éifeachtach, ar nochtadh é nach gá a dhéanamh go tráthúil de réir bhrí mhír 1 den Airteagal seo.

[5] Cuirtear an tAirteagal 4a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 4a

IIPanna a údarú agus a mhaoirsiú

1. Cláróidh IIPanna leis an nGníomhaireacht. Ní oibreoidh IIP go dtí go mbeidh measúnú déanta ag an nGníomhaireacht cibé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an IIP sin ceanglais an Airteagail seo agus cibé acu atá nó nach bhfuil an oibríocht údaraithe aige. Beidh clár IIPanna ar fáil go poiblí agus beidh faisnéis ann faoi na seirbhísí a bhfuil an IIP cláraithe ina leith. Déanfaidh an Ghníomhaireacht athbhreithniú rialta ar chomhlíonadh an Rialacháin seo ag IIPanna. I gcás ina mbeidh clárú tarraingthe siar ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le mír 5, foilseofar an tarraingt siar sin sa chlár go ceann tréimhse 5 bliana ó dháta an tarraingt siar.

2. Beidh beartais agus socruithe leordhóthanacha i bhfeidhm ag IIP chun an fhaisnéis ón taobh istigh a éilítear faoi Airteagal 4(1) a chur ar fáil don phobal chomh gar d’fhíor-am agus is féidir go teicniúil leis an bhfíor-am, ar bhonn réasúnta tráchtála. Cuirfear an fhaisnéis ar fáil saor in aisce chun gach críche. Scaipfidh an IIP an fhaisnéis sin go héifeachtúil agus go comhsheasmhach ar shlí ina n-áiritheofar go mbeidh rochtain thapa ar an bhfaisnéis ón taobh istigh, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach agus i bhformáid lena n-éascaítear comhdhlúthú na faisnéise ón taobh istigh le sonraí comhchosúla ó fhoinsí eile.

3. Cuimseofar san fhaisnéis ón taobh istigh a chuirfidh IIP ar fáil don phobal i gcomhréir le mír 2, ar a laghad, na mionsonraí seo a leanas ag brath ar an gcineál faisnéise ón taobh istigh:

   (a) aitheantas na teachtaireachta agus stádas an teagmhais;

   (b) dáta foilsithe, am agus tús agus stopadh an teagmhais;

   (c) ainm an rannpháirtí sa mhargadh agus aitheantas an rannpháirtí sa mhargadh;

   (d) an crios tairisceana nó cothromúcháin lena mbaineann;

   (e) agus, i gcás inarb infheidhme:

(a) an cineál neamh-infhaighteachta agus an cineál teagmhais;

(b) an t-aonad tomhais;

(c) an acmhainn atá ar fáil, an acmhainn nach bhfuil ar fáil agus an acmhainn shuiteáilte nó theicniúil;

(d) an chúis leis an neamh-infhaighteacht;

(e) an cineál breosla;

(f) an tsócmhainn nó an t-aonad dá ndéantar difear agus a cód aitheantais.

4. Déanfaidh IIP socruithe riaracháin éifeachtacha a fheidhmiú agus a choinneáil ar bun arb é is aidhm dóibh coinbhleachtaí leasa idir é agus a chuid cliant a chosc. Maidir le IIP go háirithe ar oibreoir sa mhargadh nó rannpháirtí sa mhargadh é freisin, is ar bhealach neamh-idirdhealaitheach a dhéanfaidh sé an fhaisnéis ar fad ón taobh istigh a bhaileofar a láimhseáil, agus déanfaidh sé socruithe iomchuí a fheidhmiú agus a choinneáil ar bun chun feidhmeanna éagsúla gnó a idirdhealú ó chéile.

Beidh sásraí fónta slándála i bhfeidhm ag IIP arna ndearadh chun ráthaíocht a thabhairt maidir le slándáil na modhanna a aistrítear faisnéis ón taobh istigh, chun an riosca maidir le truailliú sonraí agus rochtain neamhúdaraithe a íoslaghdú agus chun sceitheadh faisnéise ón taobh istigh roimh a foilsithe a chosc. Déanfaidh IIP acmhainní leordhóthanacha a choinneáil ar bun agus beidh saoráidí cúltaca aige chun a sheirbhísí a thairiscint agus a choinneáil ar bun i rith an ama.

Beidh córais i bhfeidhm ag IIP lenar féidir tuarascálacha ar fhaisnéis ón taobh istigh a sheiceáil go tapa agus go héifeachtach maidir le hiomláine, easnaimh agus earráidí soiléire a shainaithint, agus atarchur aon tuarascála easnamhaí a iarraidh.

5. Féadfaidh an Ghníomhaireacht clárú IIP a tharraingt siar sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás nach n-úsáidtear an t-údarú laistigh de 12 mhí, i gcás ina dtréigtear an t-údarú go sainráite nó i gcás nár cuireadh seirbhísí ar bith ar fáil i rith na 6 mhí roimhe sin;

(b) i gcás go bhfuarthas an clárúchán trí ráitis bhréige a dhéanamh nó ar aon mhodh neamhrialta eile;

(c) i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha faoinar cláraíodh é a thuilleadh;

(d) i gcás inar sháraigh sé an Rialachán seo go tromchúiseach agus go córasach.

Nuair a tharraingítear siar an clárú, áiritheoidh an IIP lena mbaineann ionadú ordúil lena n-áirítear aistriú sonraí chuig IIPanna eile agus atreorú sreafaí tuairiscithe chuig IIPanna eile.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht, gan moill mhíchuí, fógra a thabhairt don údarás inniúil náisiúnta sa Bhallstát ina bhfuil an IIP bunaithe faoi chinneadh clárú IIP a tharraingt siar.

6. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na nithe seo a leanas a shonrú:

(a) na modhanna trína bhféadfaidh IIP an oibleagáid maidir le faisnéis ón taobh istigh dá dtagraítear i mír 2 a chomhlíonadh;

(b) inneachar na faisnéise ón taobh istigh arna foilsiú faoi mhír 2 ar bhealach ina bhféadfar an fhaisnéis a cheanglaítear faoin Airteagal seo a fhoilsiú;

(c) na ceanglais eagraíochtúla nithiúla maidir le mír 4 a chur chun feidhme.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(2).';

[6] Cuirtear an tAirteagal 5a seo a leanas leis:

'Airteagal 5a

Trádáil algartamach

1. Rannpháirtí sa mhargadh a bhíonn i mbun trádáil algartamach, beidh córais éifeachtacha agus rialuithe riosca i bhfeidhm aige atá oiriúnach don ghnó a oibríonn sé chun a áirithiú go bhfuil a chórais trádála athléimneach agus go bhfuil dóthain acmhainneachta acu, go bhfuil siad faoi réir tairseacha agus teorainneacha trádála iomchuí agus go gcuireann siad cosc ar sheoladh orduithe earráideacha chun trádáil a dhéanamh nó ar fheidhmiú na gcóras ar shlí eile a bhféadfadh margadh mí-ordúil a chruthú nó cur le margadh mí-ordúil. Beidh córais éifeachtacha agus rialuithe riosca éifeachtacha i bhfeidhm ag an rannpháirtí sa mhargadh freisin chun a áirithiú go gcomhlíonann na córais trádála an Rialachán seo agus rialacha margaidh eagraithe lena bhfuil sé nasctha. Beidh socruithe éifeachtacha leanúnachais gnó i bhfeidhm ag an rannpháirtí sa mhargadh chun déileáil le haon mhainneachtain dá chórais trádála agus áiritheoidh sé go ndéanfar tástáil iomlán ar a chórais agus go ndéanfar faireachán ceart orthu chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais a leagtar síos sa mhír seo leo.

2. Rannpháirtí sa mhargadh a dhéanann trádáil algartamach i mBallstát, tabharfaidh sé fógra faoi sin d'údaráis rialála náisiúnta a Bhallstáit agus don Ghníomhaireacht.

Féadfaidh údarás rialála náisiúnta Bhallstát an rannpháirtí sa mhargadh a cheangal ar an rannpháirtí sa mhargadh a sholáthar, ar bhonn rialta nó *ad hoc*, tuairisc ar chineál a straitéisí trádála algartamaí, mionsonraí na bparaiméadar trádála nó na dteorainneacha trádála a bhfuil an córas trádála faoina réir, na príomhrialuithe comhlíonta agus riosca atá i bhfeidhm aige lena áirithiú go bhfuil an ceanglas a leagtar síos i mír 1 á shásamh agus na mionsonraí maidir le tástáil a chóras trádála.

Socróidh an rannpháirtí sa mhargadh go gcoinneofar taifid i ndáil leis na pointí dá dtagraítear sa mhír sin agus áiritheoidh sé go mbeidh na taifid sin leordhóthanach chun ligean dá údarás rialála náisiúnta faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo.

3. Aon rannpháirtí sa mhargadh a sholáthraíonn rochtain dhíreach leictreonach ar mhargadh eagraithe, tabharfaidh sé fógra dá réir sin d'údaráis inniúla a Bhallstáit baile agus don Ghníomhaireacht.

Féadfaidh údarás rialála náisiúnta Bhallstát an rannpháirtí sa mhargadh a cheangal ar an rannpháirtí sa mhargadh a sholáthar, ar bhonn rialta nó *ad hoc*, tuairisc ar na córais agus na rialuithe dá dtagraítear i mír 1 agus fianaise gur cuireadh i bhfeidhm iad.

Socróidh an rannpháirtí sa mhargadh go gcoinneofar taifid i ndáil leis na hábhair dá dtagraítear sa mhír sin agus áiritheoidh sé go mbeidh na taifid sin leordhóthanach chun ligean dá údarás rialála náisiúnta faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo.

4. Tá an t-airteagal seo gan dochar do na hoibleagáidí faoi Threoir (AE) 2014/65.';

[7] in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Déanfaidh ACER faireachán ar ghníomhaíocht trádála i dtáirgí mórdhíola fuinnimh chun trádáil ar bhonn faisnéis ón taobh istigh agus cúbláil margaidh, nó iarrachtaí na rudaí sin a dhéanamh, a bhrath agus a chosc. Baileoidh sé na sonraí chun measúnú agus faireachán a dhéanamh ar mhargaí mórdhíola fuinnimh de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 8.';

[] Cuirtear airteagail nua ó 7a go 7d leis:

'Airteagal 7a

Cúraimí agus cumhachtaí ACER chun measúnuithe praghais agus tagarmharcanna a dhéanamh

1. Mar ábhar práinne, déanfaidh ACER measúnú laethúil ar phraghsanna GNL a tháirgeadh agus a fhoilsiú agus cuirfear tús leis sin tráth nach déanaí ná an 13 Eanáir 2023. Chun críoch an mheasúnaithe ar phraghsanna GNL, déanfaidh ACER sonraí margaidh GNL maidir le hidirbhearta a bhailiú agus a phróiseáil go córasach. I gcás inarb iomchuí, cuirfear san áireamh sa mheasúnú ar phraghsanna difríochtaí réigiúnacha agus dálaí margaidh.

2. Tráth nach ndéanaí ná an 31 Márta 2023, déanfaidh ACER tagarmharc GNL laethúil a chur ar fáil agus a fhoilsiú arna chinneadh leis an raon difríochta idir an measúnú laethúil ar phraghsanna GNL agus an praghas socraíochta don chonradh míosa tosaigh le haghaidh Thodhchaíochtaí Gáis TTF a bhunaíonn ICE Endex Markets B.V. ar bhonn laethúil. Chun críocha an tagarmhairc GNL, déanfaidh ACER na sonraí margaidh GNL uile a bhailiú agus a phróiseáil go córasach.

3. De mhaolú ar Airteagal 3(4), pointe (b), den Rialachán seo, beidh feidhm ag na hoibleagáidí atá ar an rannpháirtí sa mhargadh agus toirmisc an Rialachán seo maidir le rannpháirtithe sa mhargadh GNL. Beidh feidhm freisin ag na cumhachtaí a thugtar do ACER faoin Rialachán seo agus faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014 maidir le rannpháirtithe sa mhargadh GNL, lena n-áirítear na forálacha maidir le rúndacht.

Airteagal 7b

Foilsiú na measúnuithe ar phraghsanna GNL agus tagarmharc GNL

1. Foilseofar an measúnú ar phraghsanna GNL ar bhonn laethúil, agus tráth nach déanaí ná 18.00 CET don mheasúnú praghais idirbhirt glan amach. Faoin 31 Márta 2023, de bhreis ar mheasúnú praghais GNL a fhoilsiú, foilseoidh ACER freisin, ar bhonn laethúil, an tagarmharc GNL tráth nach déanaí ná 19.00 CET nó a luaithe is féidir go teicniúil.

2. Chun críocha an Airteagail seo, féadfaidh ACER úsáid a bhaint as seirbhísí tríú páirtí.

Airteagal 7c

Sonraí margaidh GNL a sholáthar do ACER

1. Déanfaidh rannpháirtithe sa mhargadh GNL na sonraí margaidh GNL a chur faoi bhráid ACER go laethúil i gcomhréir leis na sonraíochtaí a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014 ón gCoimisiún, i bhformáid chaighdeánaithe, trí phrótacal tarchurtha ardcháilíochta, agus chomh gar d'fhíor-am agus is féidir ó thaobh na teicneolaíochta de sula bhfoilseofar an measúnú laethúil GNL ar phraghsanna (18.00 CET).

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrófar an pointe ama faoina mbeidh sonraí margaidh GNL le cur isteach roimh fhoilsiú laethúil an mheasúnaithe ar phraghsanna GNL dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 29.

3. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh ACER, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, treoraíocht a eisiúint maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) mionsonraí na faisnéise atá le tuairisciú, sa bhreis ar mhionsonraí reatha na n-idirbheart intuairiscithe agus na sonraí bunúsacha faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014, lena n-áirítear tairiscintí ceannaigh agus tairiscintí díola; agus

(b) an nós imeachta, an fhormáid chaighdeánach agus an fhormáid leictreonach agus na ceanglais theicniúla agus eagraíochtúla a bhaineann le sonraí a chur isteach atá le húsáid chun na sonraí margaidh is gá a sholáthar.

4. Cuirfidh rannpháirtithe sa mhargadh GNL na sonraí margaidh GNL is gá faoi bhráid ACER saor in aisce agus trí na bealaí tuairiscithe arna mbunú ag ACER, i gcás inar féidir trí úsáid a bhaint as na nósanna imeachta atá ann agus atá ar fáil cheana.

Airteagal 7d

Leanúnachas gnó

Athbhreithneoidh, nuashonróidh agus foilseoidh ACER go tráthrialta a mheasúnú ar phraghsanna tagartha GNL agus a mhodheolaíocht maidir le tagarmharc GNL chomh maith leis an modheolaíocht a úsáidtear chun sonraí margaidh GNL a thuairisciú agus chun a mheasúnuithe ar phraghsanna GNL agus a thagarmharcanna GNL a fhoilsiú, agus tuairimí rannpháirtithe sonraí margaidh GNL á gcur san áireamh.';

[8] Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

[a] cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

'(1a) Chun taifid ar idirbhearta a thuairisciú, lena n-áirítear orduithe chun trádáil a dhéanamh, arna n-iontráil, arna dtabhairt i gcrích nó arna ndéanamh ar mhargaí eagraithe, cuirfidh na margaí sin sonraí a bhaineann leis an leabhar orduithe ar fáil don Ghníomhaireacht nó, arna iarraidh sin don Ghníomhaireacht, tabharfaidh siad rochtain don Ghníomhaireacht ar an leabhar orduithe ionas go mbeidh sí in ann faireachán a dhéanamh ar thrádáil.';

[b] i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(2). Cuirfidh siad san áireamh córais tuairiscithe idirbheart atá ann cheana chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíocht trádála chun mí-úsáid an mhargaidh a bhrath.'

[c] i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

3. Daoine dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) de mhír 4 agus a thuairiscigh idirbhearta i gcomhréir le Rialachán (AE) 600/2014 nó Rialachán (AE) 648/2012, ní bheidh siad faoi réir oibleagáidí tuairiscithe dúbailte a bhaineann leis na hidirbearta sin.

[d] leasaítear mír 4 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

(d) margadh eagraithe, córas meaitseála trádála nó duine eile a shocraíonn nó a dhéanann idirbhearta go gairmiúil;

(ii) cuirtear isteach an dara fomhír seo a leanas:

'Soláthrófar an fhaisnéis trí shásraí tuairiscithe cláraithe.';

[e] cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Déanfaidh rannpháirtithe sa mhargadh faisnéis a sholáthar do ACER agus do na húdaráis rialála náisiúnta a bhaineann le hacmhainneacht agus le húsáid na saoráidí i gcomhair táirgeadh, stóráil, tomhaltas nó tarchur leictreachais nó gáis nádúrtha nó a bhaineann le hacmhainneacht agus úsáid saoráidí GNL, lena n-áirítear neamh-infhaighteacht phleanáilte nó neamhphleanáilte na saoráidí sin, agus le faisnéis ón taobh istigh a nochtar go poiblí i gcomhréir le hAirteagal 4, chun faireachán a dhéanamh ar thrádáil i margaí mórdhíola fuinnimh. Déanfar oibleagáidí rannpháirtithe sa mhargadh maidir le tuairisciú a íoslaghdú tríd an bhfaisnéis a cheanglaítear a thabhairt, nó codanna di, a bhailiú ó fhoinsí atá ann cheana i gcás inar féidir.';

[9] in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Maidir le rannpháirtithe sa mhargadh a dhéanann idirbhearta a cheanglaítear a thuairisciú do ACER i gcomhréir le hAirteagal 8(1), cláróidh siad leis an údarás rialála náisiúnta sa Bhallstát ina bhfuil siad bunaithe nó ina bhfuil cónaí orthu. Rannpháirtithe sa mhargadh a bhfuil cónaí orthu nó atá bunaithe i dtríú tír, dearbhóidh siad oifig i mBallstát ina bhfuil siad gníomhach agus cláróidh siad le húdarás rialála náisiúnta an Bhallstáit sin.';

[10] cuirtear an tAirteagal 9a seo a leanas isteach:

'Airteagal 9a

Údarú agus maoirseacht na Sásraí Tuairiscithe Cláraithe (RRManna)

1. Beidh oibriú RRM faoi réir údarú roimh ré ón nGníomhaireacht i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Údaróidh an Ghníomhaireacht páirtithe mar RRM sna cásanna seo a leanas:

(a) is duine dlítheanach atá bunaithe san Aontas é RRM; agus

(b) comhlíonann RRM na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo.

An t-údarú le feidhmiú mar RRM, beidh éifeacht leis agus beidh sé bailí i gcríoch an Aontais ina hiomláine, agus ceadóidh sé do sholáthraí RRM na seirbhísí a bhfuil údarú faighte aige ina leith a chur ar fáil ar fud an Aontais.

Déanfaidh RRM údaraithe na coinníollacha a chomhlíonadh i gcónaí maidir leis an údarú dá dtagraítear san Airteagal seo. Déanfaidh RRM údaraithe, gan moill mhíchuí, fógra a thabhairt do ACER faoi aon athrú ábhartha ar choinníollacha an údaraithe.

Bunóidh an Ghníomhaireacht clár de gach RRM san Aontas. Beidh an clár ar fáil go poiblí agus beidh faisnéis ann maidir leis na seirbhísí a bhfuil RRM údaraithe ina leith agus tabharfar cothrom le dáta é go rialta. I gcás ina dtarraingeoidh an Ghníomhaireacht údarú RRM siar i gcomhréir le mír 4, foilseofar an tarraingt siar sin sa chlár go ceann tréimhse 5 bliana ó dháta an tarraingt siar.

2. Déanfaidh an Ghníomhaireacht athbhreithniú rialta ar chomhlíontacht RRManna leis an Rialachán seo. Chun na críche sin, tuairisceoidh RRManna don Ghníomhaireacht maidir lena ngníomhaíochtaí ar bhonn bliantúil.

3. Beidh beartais agus socruithe leordhóthanacha i bhfeidhm ag RRManna chun an fhaisnéis a thuairisciú a cheanglaítear faoi Airteagal 8 chomh tapa agus is féidir, agus tráth nach déanaí ná an t-am a leagtar síos sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun mhír 5 den Airteagal seo.

Déanfaidh RRManna socruithe riaracháin éifeachtacha a fheidhmiú agus a choinneáil ar bun arb é is aidhm dóibh coinbhleachtaí leasa lena gcuid cliant a chosc. Go háirithe, maidir le RRM atá ina mhargadh eagraithe nó ina rannpháirtí sa mhargadh freisin, déanfaidh sé an fhaisnéis ar fad a bhaileofar a láimhseáil ar bhonn neamh-idirdhealaitheach agus déanfaidh sé socruithe iomchuí a fheidhmiú agus a choinneáil ar bun chun feidhmeanna éagsúla gnó a idirdhealú.

Beidh sásraí fónta slándála i bhfeidhm ag RRManna chun ráthaíocht a thabhairt maidir le slándáil agus fíordheimhniú na modhanna aistrithe faisnéise, chun an riosca maidir le truailliú sonraí agus rochtain neamhúdaraithe a íoslaghdú agus chun sceitheadh faisnéise a chosc, agus rúndacht na sonraí á coinneáil ar bun i gcónaí. Coinneoidh RRM acmhainní leordhóthanacha ar bun agus beidh saoráidí cúltaca aige chun a sheirbhísí a thairiscint agus a choinneáil ar bun i gcomhréir leis an uainiú a leagtar síos sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 8(2) agus (6).

Beidh córais i bhfeidhm ag RRManna lenar féidir tuarascálacha idirbheart a sheiceáil go héifeachtach maidir le hiomláine, easnaimh agus earráidí soiléire arna ndéanamh ag

an rannpháirtí sa mhargadh a shainaithint, agus, i gcás ina mbeidh earráid nó easnamh den sórt sin ann, sonraí faoin earráid nó easnamh a chur in iúl don rannpháirtí sa mhargadh agus atarchur tuarascálacha easnamhacha mar sin a iarraidh.

Beidh córais i bhfeidhm ag RRManna chun gur féidir le RRM earráidí nó easnaimh arna ndéanamh ag an RRM féin a bhrath agus chun gur féidir le RRM tuarascálacha idirbheart chuig an nGníomhaireacht a cheartú agus a tharchur, nó a atarchur de réir mar is gá, nó iad a cheartú agus a chur i gcrích.

4. Féadfaidh an Ghníomhaireacht údarú RRM a tharraingt siar sna cásanna seo a leanas:

(a) ní bhaineann RRM úsáid as an údarú laistigh de 18 mí, tréigeann sé an t-údarú go sainráite nó níor chuir sé seirbhísí ar bith ar fáil le 18 mí roimhe sin;

(b) fuair RRM an t-údarú trí ráitis bhréige a dhéanamh nó ar aon mhodh neamhrialta eile;

(c) ní chomhlíonann RRM na coinníollacha faoinar údaraíodh é a thuilleadh;

(d) sháraigh RRM an Rialachán seo go tromchúiseach agus go córasach.

RRM ar tarraingíodh siar a údarú, áiritheoidh sé ionadú ordúil lena n-áirítear aistriú sonraí chuig RRManna eile agus atreorú sreafaí tuairiscithe chuig RRManna eile.

Gan aon mhoill mhíchuí, déanfaidh an Ghníomhaireacht, i gcás inarb ábhartha, an t-údarás inniúil náisiúnta sa Bhallstát ina bhfuil RRM bunaithe a chur ar an eolas faoi chinneadh údarú RRM a tharraingt siar.

5. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na nithe seo a leanas a shonrú:

(a) na modhanna ina bhféadfaidh RRM an oibleagáid maidir le faisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh; agus

(b) na ceanglais eagraíochtúla nithiúla le haghaidh chur chun feidhme mhíreanna 2 agus 3.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(2).';

[11] Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

[a] cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

*'1. Bunóidh ACER sásraí chun faisnéis a fhaigheann sé i gcomhréir le hAirteagal 7(1) agus le hAirteagal 8 a chomhroinnt leis an gCoimisiún, leis na húdaráis rialála náisiúnta, leis na húdaráis inniúla margaidh airgeadais, leis na húdaráis iomaíochta náisiúnta, le ESMA agus le húdaráis ábhartha eile* ar leibhéal an Aontais. *Sula mbunófar sásraí den sórt sin, rachaidh ACER i gcomhairle leis na húdaráis sin.';*

[b] cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

'(1a) Bunóidh na húdaráis rialála náisiúnta sásraí chun faisnéis a fhaigheann siad i gcomhréir le hAirteagal 7(2) agus le hAirteagal 8 a chomhroinnt leis na húdaráis inniúla margaidh airgeadais, leis na húdaráis iomaíochta náisiúnta, leis na húdaráis náisiúnta cánach agus le EUROFISC agus le húdaráis ábhartha eile ar an leibhéal náisiúnta. Sula mbunófar sásraí den sórt sin, rachaidh an t-údarás rialála náisiúnta i gcomhairle leis an nGníomhaireacht agus leis na páirtithe sin.';

[c] cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach:

'2a. Ní thabharfaidh údaráis rialála náisiúnta rochtain ar na sásraí dá dtagraítear i mír 1a den Airteagal seo ach amháin d'údaráis a bhfuil córais curtha ar bun acu trína gcumasaítear don údarás rialála náisiúnta ceanglais Airteagal 12(1) a chomhlíonadh.';

[13] Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

[a] i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'An Coimisiún, údaráis rialála náisiúnta, údaráis airgeadais inniúla na mBallstát, údaráis chánach náisiúnta agus EUROFISC, údaráis iomaíochta náisiúnta, ESMA agus údaráis ábhartha eile, déanfaidh siad rúndacht, sláine agus cosaint na faisnéise a fhaigheann siad de bhun Airteagal 4(2), Airteagal 7(2), Airteagal 8(5) nó Airteagal 10 a áirithiú agus déanfaidh siad bearta chun aon mhí-úsáid a dhéantar ar fhaisnéis den sórt sin a chosc, lena n-áirítear é sin a dhéanamh de réir na ndlíthe cosanta sonraí is infheidhme.';

[b] cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2

'2. Faoi réir Airteagal 17, féadfaidh ACER a chinneadh codanna den fhaisnéis atá ina sheilbh a chur ar fáil go poiblí ar choinníoll nach ndéanfar faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de maidir le rannpháirtithe aonair sa mhargadh nó maidir le hidirbhearta aonair nó maidir le margaí aonair a nochtadh agus nach féidir faisnéis den sórt sin a bhaint mar thátal as na codanna sin den fhaisnéis a chuirtear ar fáil go poiblí. Ní chuirfear cosc ar ACER faisnéis a fhoilsiú maidir le margaí eagraithe, IIPanna, RRManna de réir na ndlíthe is infheidhme maidir le cosaint sonraí.';

[14] Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

[a] cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Áiritheoidh údaráis rialála náisiúnta go ndéanfar na toirmisc a leagtar amach in Airteagail 3 agus 5 agus na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 4, 8, 9 agus 15 a chur i bhfeidhm.

Beidh údaráis rialála náisiúnta inniúil chun imscrúdú a dhéanamh ar na gníomhartha go léir a dhéantar ar a margaí mórdhíola fuinnimh náisiúnta agus chun an Rialachán seo a fhorfheidhmiú ina leith, gan beann ar an áit a bhfuil an rannpháirtí sa mhargadh atá cláraithe de bhun Airteagal 9(1) agus atá i mbun na ngníomhartha sin ina chónaí nó bunaithe.

Áiritheoidh gach Ballstát go bhfuil na cumhachtaí imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin is gá ag a údaráis rialála náisiúnta chun an fheidhm sin a fheidhmiú. Feidhmeofar na cumhachtaí sin ar bhealach comhréireach.

Féadfar na cumhachtaí sin a fheidhmiú:

(a) go díreach;

(b) i gcomhar le húdaráis eile; nó

(c) trí iarratas a chur chuig na húdaráis bhreithiúnacha inniúla.

I gcás inarb iomchuí, féadfaidh na húdaráis rialála náisiúnta a gcumhachtaí imscrúdúcháin a fheidhmiú i gcomhar le margaí eagraithe, le córais mheaitseála trádála nó le daoine eile a shocraíonn nó a dhéanann idirbhearta go gairmiúil dá dtagraítear in Airteagal 8(4), pointe (d).’;

[b] cuirtear isteach na míreanna (3) go (9) seo a leanas:

‘3. Chun sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo a chomhrac, chun tacú le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin na n-údarás rialála náisiúnta agus iad a chomhlánú, agus chun rannchuidiú le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin seo ar fud an Aontais, féadfaidh an Ghníomhaireacht imscrúduithe a dhéanamh trí na cumhachtaí a thugtar di le hAirteagal 13a agus 13b, agus i gcomhréir leo, a fheidhmiú.

4. Féadfaidh an Ghníomhaireacht a cumhachtaí a fheidhmiú chun a áirithiú go ndéanfar na toirmisc a leagtar amach in Airteagail 3 agus 5 agus na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 4 a chur i bhfeidhm sna cásanna seo a leanas:

(a) má tá nó má bhí gníomhartha á ndéanamh ar tháirgí mórdhíola fuinnimh lena seachadadh i dtrí Bhallstát ar a laghad; nó

(b) má tá nó má bhí gníomhartha á ndéanamh ar tháirgí mórdhíola fuinnimh lena seachadadh in dhá Bhallstát ar a laghad agus má tá duine amháin ar a laghad de na daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ag déanamh na ngníomhartha sin ina chónaí nó bunaithe i dtríú tír ach cláraithe de bhun Airteagal 9(1); nó

(c) mura ndéanann an t-údarás rialála náisiúnta inniúil, gan dochar do na maoluithe dá dtagraítear in Airteagal 16(5), na bearta is gá láithreach chun an iarraidh ón nGníomhaireacht dá dtagraítear in Airteagal 16(4)(b) a chomhlíonadh; nó

(d) más dócha go ndéanfaidh an fhaisnéis ábhartha mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) den Rialachán seo difear mór do phraghsanna táirgí mórdhíola fuinnimh lena seachadadh i dtrí Bhallstát ar a laghad.

5. Féadfaidh an Ghníomhaireacht a cumhachtaí a fheidhmiú chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 15 i gcás ina bhfuil na daoine ag socrú nó ag déanamh idirbheart go gairmiúil maidir le táirgí mórdhíola fuinnimh lena seachadadh i dtrí Bhallstát ar a laghad.

6. Agus a cumhachtaí á bhfeidhmiú ag an nGníomhaireacht, cuirfidh sí san áireamh na himscrúduithe atá ar siúl nó a rinneadh cheana i ndáil leis na cásanna céanna ag údarás rialála náisiúnta de bhun an Rialacháin seo chomh maith le tionchar trasteorann an imscrúdaithe.

7. Tar éis don Ghníomhaireacht a gníomhaíochtaí a rinneadh chun a cumhachtaí a fheidhmiú de bhun mhír 4 a thabhairt chun críche, déanfaidh sí tuarascáil a tharraingt suas. Cuirfear an tuarascáil ar fáil go poiblí agus ceanglais rúndachta á gcur san áireamh. Má chinneann an Ghníomhaireacht gur tharla sárú ar an Rialachán seo, cuirfidh sí údaráis rialála náisiúnta an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann ar an eolas dá réir agus éileoidh sí go ndéileálfar leis an sárú i gcomhréir le hAirteagal 18. Féadfaidh an Ghníomhaireacht obair leantach áirithe a mholadh do na húdaráis rialála náisiúnta ábhartha, agus, i gcás inar gá, an Coimisiún a chur ar an eolas.';

[15] Cuirtear na hAirteagal 13a go 13d seo a leanas isteach:

'Airteagal 13a

Cigireachtaí ar an láthair a dhéanann an Ghníomhaireacht

1. Ullmhóidh agus déanfaidh an Ghníomhaireacht cigireachtaí ar an láthair i ndlúthchomhar leis na húdaráis inniúla de chuid an Bhallstáit lena mbaineann.

2. Chun a oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, féadfaidh an Ghníomhaireacht gach cigireacht ar an láthair is gá a dhéanamh ar aon áitreabh ar le na daoine atá faoi réir an imscrúdaithe é. Féadfaidh an Ghníomhaireacht an chigireacht ar an láthair sin a dhéanamh gan fógra a thabhairt roimh ré más gá sin ar mhaithe leis an gcigireacht a dhéanamh go cuí agus go héifeachtúil.

3. Féadfaidh na hoifigigh agus na daoine eile a bheidh údaraithe ag an nGníomhaireacht le cigireacht ar an láthair a dhéanamh dul isteach in aon áitreabh de chuid na ndaoine atá faoi réir cinneadh maidir le himscrúdú a ghlacfaidh an Ghníomhaireacht de bhun mhír 6 agus beidh na cumhachtaí go léir dá dtagraítear san Airteagal seo acu. Beidh

sé de chumhacht acu freisin aon áitreabh, maoin agus leabhair nó taifid a shéalú ar feadh thréimhse na cigireachta agus a mhéid is gá don chigireacht.

4. In am leordhóthanach roimh an gcigireacht, tabharfaidh an Ghníomhaireacht fógra faoin gcigireacht don údarás rialála náisiúnta nó d'údaráis eile lena mbaineann de chuid an Bhallstáit ina bhfuil an chigireacht le déanamh. Déanfar cigireachtaí faoin Airteagal seo ar choinníoll gur dhearbhaigh an t-údarás ábhartha nach bhfuil sé in aghaidh na gcigireachtaí sin.

5. Oifigigh na Gníomhaireachta agus daoine eile a bheidh údaraithe ag an nGníomhaireacht le cigireacht ar an láthair a dhéanamh, déanfaidh siad a gcumhachtaí a fheidhmiú ar údarú i scríbhinn a sholáthar ina sonraítear ábhar agus cuspóir na cigireachta.

6. Na daoine dá dtagraítear san Airteagal seo, géillfidh siad do chigireachtaí ar an láthair arna n-ordú le cinneadh a ghlacfaidh an Ghníomhaireacht. Sonrófar sa chinneadh ábhar agus cuspóir na cigireachta, an dáta a mbeidh sé le tosú, na réitigh dhlí atá ar fáil faoi Rialachán (AE) 2019/942 chomh maith leis an gceart an cinneadh a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais lena athbhreithniú. Rachaidh an Ghníomhaireacht i gcomhairle le húdarás rialála náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil an chigireacht le déanamh sula nglacfar an cinneadh sin.

7. Arna iarraidh sin ag an nGníomhaireacht, déanfaidh oifigigh údarás rialála náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil an chigireacht le déanamh, chomh maith leis na daoine sin arna n- údarú nó arna gceapadh ag údarás inniúil an Bhallstáit sin, cúnamh gníomhach a thabhairt d'oifigigh na Gníomhaireachta agus do dhaoine eile arna n- údarú ag an nGníomhaireacht. Chuige sin, beidh na cumhachtaí a leagtar amach san Airteagal seo acu. Féadfaidh oifigigh de chuid an údaráis rialála náisiúnta freastal ar an gcigireacht ar an láthair freisin arna iarraidh sin dóibh.

8. I gcás ina gcinnfidh oifigigh na Gníomhaireachta, chomh maith leo siúd a bheidh údaraithe nó ceaptha ag an nGníomhaireacht, go bhfuil duine ag cur i gcoinne cigireacht a ordaíodh de bhun an Airteagail seo, tabharfaidh údarás rialála náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann an cúnamh is gá dóibh, nó d'údaráis rialála náisiúnta ábhartha eile, agus iarrfaidh sé, i gcás inarb iomchuí, cúnamh na bpóilíní nó cúnamh údaráis choibhéisigh forfheidhmiúcháin, ionas go mbeidh siad in ann a gcigireacht ar an láthair a dhéanamh.

9. Más rud é, maidir leis an gcigireacht ar an láthair dá bhforáiltear i mír 1 nó maidir leis an gcúnamh dá bhforáiltear i míreanna 7 agus 8, go gceanglaítear údarú a fháil ó údarás breithiúnach de réir an dlí náisiúnta is infheidhme, déanfaidh an Ghníomhaireacht iarratas freisin ar an údarú sin. Féadfaidh an Ghníomhaireacht iarratas a dhéanamh ar an údarú sin freisin mar bheart réamhchúraim.

10. I gcás ina ndéanfaidh an Ghníomhaireacht iarratas ar údarú dá dtagraítear i mír 9, fíoróidh an t-údarás breithiúnach náisiúnta an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil cinneadh na Gníomhaireachta barántúil; agus

(b) go bhfuil aon bheart atá le déanamh comhréireach agus nach bhfuil sé treallach ná iomarcach i bhfianaise ábhar na cigireachta.

Chun críocha phointe (b) den chéad fhomhír, féadfaidh an t-údarás breithiúnach náisiúnta a iarraidh ar an nGníomhaireacht mínithe mionsonraithe a thabhairt, go háirithe maidir leis na forais atá ag an nGníomhaireacht chun drochamhras a bheith

uirthi go ndearnadh sárú dá dtagraítear in Airteagal 13(3), maidir le tromchúis an tsáraithe a bhfuil amhras ann ina leith agus maidir le cineál rannpháirtíocht an duine atá faoi réir an imscrúdaithe. De mhaolú ar Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2019/942, ní bheidh cinneadh na Gníomhaireachta faoi réir a athbhreithnithe ach amháin ag an gCúirt Bhreithiúnais.

Airteagal 13b

Iarraidh ar fhaisnéis

1. An fhaisnéis is gá chun oibleagáidí na Gníomhaireachta faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, cuirfidh aon duine í ar fáil di, arna iarraidh sin don Ghníomhaireacht. Ina iarraidh, déanfaidh an Ghníomhaireacht an méid seo a leanas:

   (a) tagairt a dhéanamh don Airteagal seo mar bhunús dlí leis an iarraidh;

   (b) cuspóir na hiarrata a lua;

   (c) sonrú a thabhairt maidir leis an bhfaisnéis a éilítear, agus an fhormáid sonraí atá le húsáid;

   (d) teorainn ama a shocrú a bheidh comhréireach leis an iarraidh, ar teorainn í nach mór an fhaisnéis a chur ar fáil laistigh di;

   (e) a chur in iúl don duine nach mbeidh an freagra ar an iarraidh ar fhaisnéis mícheart ná míthreorach.

2. Chun críche iarrataí ar fhaisnéise dá dtagraítear i mír 1, beidh an chumhacht ag an nGníomhaireacht cinntí a eisiúint. Sa chinneadh sin, léireoidh an Ghníomhaireacht, de bhreis ar na ceanglais i mír 1, an ceart chun achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh os comhair Bhord Achomhairc na Gníomhaireachta agus an cinneadh a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais lena athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagail 28 agus 29 de Rialachán (AE) 2019/942.

3. Soláthróidh na daoine dá dtagraítear i mír 1 nó a n-ionadaithe an fhaisnéis a iarrtar. Beidh na daoine go hiomlán freagrach as an bhfaisnéis a sholáthraítear a bheith iomlán, ceart agus gan a bheith míthreorach.

4. I gcás ina gcinnfidh oifigigh na Gníomhaireachta, chomh maith leo siúd a bheidh údaraithe nó ceaptha ag an nGníomhaireacht, go ndiúltaíonn duine an fhaisnéis a iarradh a sholáthar, tabharfaidh údarás rialála náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann an cúnamh is gá dóibh, nó d'údaráis rialála náisiúnta ábhartha eile, chun comhlíonadh na hoibleagáide dá dtagraítear i mír 3 a áirithiú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí phionóis a fhorchur i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme.

5. I gcás ina gcinnfidh oifigigh na Gníomhaireachta, chomh maith leo siúd a bheidh údaraithe nó ceaptha ag an nGníomhaireacht, go ndiúltaíonn duine an fhaisnéis a iarradh a sholáthar, féadfaidh an Ghníomhaireacht teacht ar chonclúidí ar bhonn na faisnéise atá ar fáil.

6. Seolfaidh an Ghníomhaireacht, gan mhoill, cóip den iarraidh de bhun mhír 1 nó den chinneadh de bhun mhír 2 chuig údaráis rialála náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann.

Airteagal 13c

Ráthaíochtaí nós imeachta

1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht cigireachtaí ar an láthair agus iarrfaidh sí faisnéis agus lánurraim á tabhairt do ráthaíochtaí nós imeachta rannpháirtithe sa mhargadh, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

   (a) an ceart gan ráitis fhéin-ionchoiritheacha a dhéanamh;

   (b) an ceart chun cúnamh a fháil ó dhuine dá rogha féin;

   (c) an ceart chun aon cheann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit ina ndéantar an chigireacht ar an láthair a úsáid;

   (d) an ceart chun a dtuairimí a chur in iúl maidir le fíorais a bhaineann leo;

   (e) an ceart chun cóip de thaifead an agallaimh a fháil agus é a fhormheas nó barúlacha a chur leis.

2. Lorgóidh an Ghníomhaireacht fianaise ar son agus i gcoinne an rannpháirtí sa mhargadh, agus déanfaidh sí cigireachtaí ar an láthair agus iarrfaidh sí faisnéis go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta agus i gcomhréir le prionsabal thoimhde na neamhchiontachta.

3. Déanfaidh an Ghníomhaireacht cigireachtaí ar an láthair agus iarrfaidh sí faisnéis agus lánurraim á tabhairt don rúndacht is infheidhme agus do rialacha an Aontais um chosaint sonraí.

Airteagal 13d

Cúnamh frithpháirteach

1. Chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais ábhartha a leagtar amach sa Rialachán seo, tabharfaidh na húdaráis rialála náisiúnta agus an Ghníomhaireacht cúnamh dá chéile.';

[15] Leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

'Airteagal 15

Oibleagáidí daoine a shocraíonn nó a dhéanann idirbhearta go gairmiúil

Aon duine a shocraíonn nó a dhéanann idirbhearta i dtáirgí mórdhíola fuinnimh agus a bhfuil amhras réasúnach air go bhféadfadh ordú chun trádáil nó idirbheart, lena n-áirítear aon chealú nó modhnú air, Airteagail 3, 4 nó 5 a shárú, tabharfaidh sé fógra don Ghníomhaireacht agus don údarás rialála náisiúnta ábhartha gan tuilleadh moille.

Maidir le daoine a shocraíonn nó a dhéanann idirbhearta go gairmiúil i dtáirgí mórdhíola fuinnimh, déanfaidh siad socruithe éifeachtacha agus nósanna imeachta éifeachtacha a bhunú agus a choinneáil ar bun chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) sáruithe ar Airteagail 3, 4 nó 5 a shainaithint;

(b) a ráthú nach mbeidh aon choinbhleacht leasa i gceist lena bhfostaithe a dhéanann gníomhaíochtaí faireachais chun críoch an Airteagail seo agus go ngníomhóidh siad ar bhealach neamhspleách.';

[16] Leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

[a] i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ceathrú fomhír:

'Féadfaidh údaráis rialála náisiúnta, údaráis airgeadais inniúla, an t-údarás iomaíochta náisiúnta agus an t-údarás náisiúnta cánach i mBallstát cineálacha iomchuí comhair a bhunú chun imscrúdú éifeachtach agus éifeachtúil agus forfheidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil a áirithiú, agus chun rannchuidiú le cur chuige comhordaithe agus comhsheasmhach i leith imscrúdúcháin, imeachtaí breithiúnacha agus fhorfheidhmiú an Rialacháin seo agus an dlí ábhartha airgeadais agus iomaíochta.';

[b] i mír 2, cuirtear an tríú fomhír seo a leanas isteach:

'Tráth nach déanaí ná 30 lá sula nglacfaidh na húdaráis rialála náisiúnta cinneadh críochnaitheach maidir le sárú ar an Rialachán seo, cuirfidh siad an Ghníomhaireacht ar an eolas agus tabharfaidh siad achoimre di ar an gcás agus ar an gcinneadh atá beartaithe. Coinneoidh an Ghníomhaireacht liosta poiblí de chinntí den sórt sin faoin Rialachán seo ar bun, lena n-áirítear dáta an chinnidh, ainmneacha na ndaoine a bhfuil pionós á ghearradh orthu, Airteagal an Rialacháin seo a sáraíodh agus an pionós a cuireadh i bhfeidhm. Chun críoch an fhoilsithe sin, soláthróidh na húdaráis rialála náisiúnta an fhaisnéis sin don Ghníomhaireacht laistigh de 7 lá ó eisiúint an chinnidh.';

[c] i mír 3, cuirtear an pointe (e) seo a leanas isteach:

'(e) cuirfidh an Ghníomhaireacht agus na húdaráis rialála náisiúnta na húdaráis inniúla chánach náisiúnta agus EUROFISC ar an eolas i gcás ina bhfuil forais réasúnacha acu chun droch-amhras a bheith orthu go bhfuil gníomhartha á ndéanamh, nó déanta, ar an margadh mórdhíola fuinnimh ar dócha gur calaois chánach iad.';

[16] cuirtear an tAirteagal 16a agus 16b seo a leanas isteach:

'Airteagal 16a

Cúraimí agus freagrachtaí a tharmligean

1. Féadfaidh údaráis rialála náisiúnta, le toiliú an toscaire, cúraimí agus freagrachtaí a tharmligean chuig údaráis rialála náisiúnta eile faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo. Féadfaidh na Ballstáit socruithe sonracha a leagan amach

maidir le tarmligean freagrachtaí nach mór a chomhlíonadh sula ndéanfaidh a n-údaráis rialála náisiúnta comhaontuithe den sórt sin maidir le tarmligean agus féadfaidh siad raon feidhme an tarmligin a theorannú do na nithe is gá chun maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar rannpháirtithe sa mhargadh nó ar ghrúpaí.

2. Cuirfidh na húdaráis rialála náisiúnta an Ghníomhaireacht ar an eolas faoi chomhaontuithe a bheartaíonn siad a dhéanamh maidir le tarmligean. Tabharfaidh siad éifeacht do na comhaontuithe 1 mhí, ar a luaithe, tar éis an Ghníomhaireacht a chur ar an eolas.

3. Féadfaidh an Ghníomhaireacht tuairim a thabhairt maidir leis an gcomhaontú maidir le tarmligean atá beartaithe laistigh de 1 mhí tar éis í a bheith curtha ar an eolas.

4. Lena áirithiú go gcuirfear na páirtithe go léir lena mbaineann ar an eolas go hiomchuí, déanfaidh an Ghníomhaireacht aon chomhaontú maidir le tarmligean arna thabhairt i gcrích ag na húdaráis rialála náisiúnta a fhoilsiú ar mhodh iomchuí.

Airteagal 16b

Treoirlínte agus moltaí

1. D'fhonn cleachtais mhaoirseachta atá comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach a bhunú laistigh den Aontas, agus chun a áirithiú go gcuirfear dlí an Aontais i bhfeidhm ar shlí choiteann, aonfhoirmeach agus chomhsheasmhach, eiseoidh an Ghníomhaireacht treoirlínte agus moltaí a dhíreofar ar na húdaráis rialála náisiúnta uile nó ar na rannpháirtithe uile sa mhargadh agus eiseoidh sí moltaí chuig údarás rialála náisiúnta amháin nó níos mó nó chuig rannpháirtí sa mhargadh amháin nó níos mó maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 4a, Airteagal 8 agus Airteagal 9a.

2. I gcás inarb iomchuí seolfaidh an Ghníomhaireacht comhairliúcháin phoiblí maidir leis na treoirlínte agus na moltaí a eisíonn sí agus déanfaidh sí anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na treoirlínte agus na moltaí sin a eisiúint. Beidh na comhairliúcháin agus na hanailísí sin comhréireach maidir le raon feidhme, cineál agus tionchar na dtreoirlínte nó na moltaí.

3. Déanfaidh na húdaráis rialála náisiúnta agus na rannpháirtithe sa mhargadh gach iarracht na treoirlínte agus na moltaí sin a chomhlíonadh.

4. Laistigh de 2 mhí ón tráth a eiseofar treoirlíne nó moladh, daingneoidh gach údarás rialála náisiúnta cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé an treoirlíne nó an moladh sin nó a bheartaíonn nó nach mbeartaíonn sé an treoirlíne nó an moladh sin a chomhlíonadh. Mura bhfuil údarás rialála náisiúnta comhlíontach nó mura bhfuil sé beartaithe aige a bheith comhlíontach, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Ghníomhaireacht agus luafaidh sé na cúiseanna atá leis.

5. Foilseoidh an Ghníomhaireacht an fhaisnéis a léiríonn nach gcomhlíonann údarás rialála náisiúnta an treoirlíne nó an moladh sin nó nach bhfuil sé beartaithe aige an treoirlíne nó an moladh sin a chomhlíonadh. Féadfaidh an Ghníomhaireacht cinneadh a dhéanamh freisin foilsiú a dhéanamh ar na cúiseanna a thugann an t-údarás rialála náisiúnta gan an treoirlíne nó an moladh sin a chomhlíonadh. Gheobhaidh an t-údarás rialála náisiúnta réamhfhógra maidir leis an bhfoilsiú sin.

6. Má cheanglaítear amhlaidh leis an treoirlíne nó leis an moladh sin, tuairisceoidh rannpháirtithe sa mhargadh, ar shlí shoiléir mhionsonraithe, cibé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann siad an treoirlíne nó an moladh sin.

7. Cuirfidh an Ghníomhaireacht na treoirlínte agus na moltaí san áireamh a d'eisigh sí sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 19(1)(k) de Rialachán (AE) 2019/942.';

[18] in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Ní fhéadfar faisnéis rúnda a fhaigheann na daoine dá dtagraítear i mír 2 i gcúrsa a gcuid dualgas a nochtadh d'aon duine eile ná d'aon údarás eile, seachas i bhfoirm achomair nó i bhfoirm chomhiomlán ionas nach féidir rannpháirtí aonair sa mhargadh a shainaithint, ach sin gan dochar do chásanna a chumhdaítear leis an dlí coiriúil, le forálacha eile an Rialacháin seo nó le reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais.';

[19] Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 18:

'1. Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus déanfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ní mór na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach, agus cineál, fad agus tromchúis an tsáraithe, an damáiste a rinneadh do thomhaltóirí agus na gnóthachain ionchasacha ó thrádáil ar bhonn faisnéis ón taobh istigh agus ar bhonn cúbláil margaidh á léiriú acu.

Gan dochar d'aon phionós coiriúil ná cumhacht maoirseachta de chuid na n-údarás rialála náisiúnta faoi Airteagal 13, déanfaidh na Ballstáit foráil, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, go dtabharfar de chumhacht d'údaráis rialála náisiúnta pionóis riaracháin iomchuí agus bearta riaracháin eile a ghlacadh i ndáil le sáruithe ar an Rialachán seo dá dtagraítear in Airteagal 13(1).

Tabharfaidh na Ballstáit fógra mionsonraithe don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht faoi na forálacha sin, agus tabharfaidh siad fógra dóibh gan mhoill faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus leis an bprionsabal *ne bis in idem*, go mbeidh sé de chumhacht ag na húdaráis rialála náisiúnta na pionóis riaracháin agus na bearta riaracháin seo a leanas ar a laghad a fhorchur maidir le sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo:

(a) cinneadh a ghlacadh gur gá don duine deireadh a chur leis an sárú;

(b) forghéilleadh na mbrabús a gnóthaíodh nó na gcaillteanas a seachnaíodh mar gheall ar an sárú, a mhéid agus is féidir iad sin a chinneadh;

(c) foláirimh phoiblí nó fógraí poiblí a eisiúint;

(d) cinneadh a ghlacadh lena bhforchuirtear íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla;

(e) cinneadh a ghlacadh lena bhforchuirtear pionóis riaracháin airgid;

maidir le daoine dlítheanacha, pionóis riaracháin airgid uasta den mhéid seo a leanas ar a laghad:

i. 15 % den láimhdeachas iomlán sa bhliain ghnó roimhe sin i gcás sáruithe ar Airteagail 3 agus 5;

ii. 2 % den láimhdeachas iomlán sa bhliain ghnó roimhe sin i gcás sáruithe ar Airteagail 4 agus 15;

iii. 1 % den láimhdeachas iomlán sa bhliain ghnó roimhe sin i gcás sáruithe ar Airteagail 8 agus 9.

maidir le daoine nádúrtha, pionóis riaracháin airgid uasta den mhéid seo a leanas ar a laghad:

i. EUR 5 000 000 i gcás sáruithe ar Airteagail 3 agus 5;

ii. EUR 1 000 000 i gcás sáruithe ar Airteagail 4 agus 5;

iii. EUR 500 000 i gcás sáruithe ar Airteagail 8 agus 9.

D'ainneoin mhír (e), ní bheidh méid na fíneála níos mó ná 20 % de láimhdeachas bliantúil an duine dhlítheanaigh lena mbaineann sa bhliain ghnó roimhe sin. I gcás daoine nádúrtha, ní bheidh méid na fíneála níos mó ná 20 % den ioncam bliantúil sa bhliain féilire roimhe sin. I gcás inar bhain an duine tairbhe airgeadais as an sárú go díreach nó go hindíreach, beidh méid na fíneála cothrom leis an tairbhe sin ar a laghad.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh an t-údarás rialála náisiúnta bearta nó pionóis a fhorchuirtear mar gheall ar shárú ar an Rialachán seo a nochtadh don phobal, mura rud é go mbeadh an nochtadh sin ina chúis le damáiste míréireach do na páirtithe atá i gceist.';

*Airteagal 2*

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/942

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/942 mar a leanas:

[1] in Airteagal 6, scriostar mír 8.

[2] in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

(c) Imscrúduithe a shaothrú agus a chomhordú de bhun Airteagal 13, Airteagal 13a agus 13b agus Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011.

[3] in Airteagal 32, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Beidh táillí dlite do ACER as faisnéis arna tuairisciú ag rannpháirtithe sa mhargadh nó ag eintitis a thuairiscíonn thar a gceann de bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 a bhailiú, a láimhseáil, a phróiseáil agus a anailísiú agus as faisnéis ón taobh istigh a nochtadh

de bhun Airteagal 4 agus Airteagal 4a de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011. Íocfaidh sásraí tuairiscithe cláraithe agus ardáin faisnéise ón taobh istigh na táillí. Féadfaidh ioncaim ó na táillí sin costais ACER a chumhdach freisin as na cumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaithe a fheidhmiú de bhun Airteagal 13, Airteagal 13a agus 13b agus Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011.'.

*Airteagal 3*

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014 ón gCoimisiún

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014 ón gCoimisiún mar a leanas:

[1] Cuirtear isteach Airteagal 7a:

'Airteagal 7a

Cáilíocht na sonraí margaidh GNL

1. Áireofar na nithe seo a leanas i sonraí margaidh GNL:

(a) na páirtithe sa chonradh, lena n-áirítear táscaire ceannaigh/díola;

(b) an páirtí tuairiscithe;

(c) praghas an idirbhirt;

(d) cainníochtaí an chonartha;

(e) luach an chonartha;

(f) fuinneog theachta an lasta GNL;

(g) téarmaí an tseachadta;

(h) na pointí seachadta;

(i) an fhaisnéis stampa ama faoi na nithe seo a leanas uile:

(i) an dáta agus an t-am a rinneadh an tairiscint cheannaigh nó an tairiscint díola;

(ii) dáta agus am an idirbhirt;

(iii) dáta agus am tuairiscithe na tairisceana ceannaigh, na tairisceana díola nó an idirbhirt;

(iv) an dáta agus an t-am a fuair ACER na sonraí margaidh GNL.

2. Déanfaidh rannpháirtithe sa mhargadh GNL sonraí margaidh GNL a sholáthar do ACER sna haonaid agus sna hairgeadraí seo a leanas:

(a) tuairisceofar praghsanna aonaid idirbhirt, tairisceana ceannaigh agus tairisceana díola san airgeadra a shonraítear sa chonradh agus in EUR/MWh

agus áireofar leo rátaí comhshó agus malairte arna gcur i bhfeidhm más infheidhme;

(b) tuairisceofar cainníochtaí conartha sna haonaid a shonraítear sna conarthaí agus in MWh;

(c) tuairisceofar fuinneoga teachta i dtéarmaí dátaí seachadta arna sloinneadh i bhformáid AUL;

(d) léireofar le pointe seachadta aitheantóir bailí arna liostú ag ACER amhail dá dtagraítear i liosta saoráidí GNL atá faoi réir tuairiscithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014; déanfar an fhaisnéis stampa ama a thuairisciú i bhformáid AUL; (le hionadú le crostagairtí de réir mar is iomchuí)

(e) más ábhartha, déanfar foirmle an phraghais sa chonradh fadtéarmach óna ndíorthaítear an praghas a thuairisciú ina hiomláine.

3. Eiseoidh ACER treoraíocht maidir leis na critéir faoina mbeidh aighnitheoir aonair freagrach as cuid mhór de na sonraí margaidh GNL arna gcur isteach laistigh de thréimhse thagartha áirithe agus maidir leis an gcaoi a dtabharfar aghaidh ar an gcás sin ina mheasúnú laethúil ar phraghsanna GNL agus ina thagarmharcanna GNL.’.

*Airteagal 4*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH 'GNÍOMHAIREACHTAÍ'

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

**1.1. Teideal an togra/tionscnaimh**

**1.2. Réimsí beartais lena mbaineann**

**1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:**

**1.4. Cuspóirí**

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

**1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh**

**1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme**

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

**2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe**

**2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe**

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

**2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

**3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar**

**3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe**

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

**3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam**

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH ‘GNÍOMHAIREACHTAÍ’

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Rialachán (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 1227/2011 agus Rialachán (AE) 2019/942 chun cosaint an Aontais i gcoinne cúbláil margaidh a fheabhsú.

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

An réimse beartais: Fuinneamh

Gníomhaíocht: An Comhaontú Glas don Eoraip

### 1.3. Baineann an togra le

**X beart nua**

**☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[18]

**X síneadh ar bheart atá ann cheana**

**☐ beart nó bearta a chumasc i dtreo beart eile/beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

Féach an meabhrán míniúcháin

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

Féach an roinn ‘Forais leis an togra/tionscnamh’ thíos

---

[18] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

| |
|---|
| Leis na hacmhainní breise sin, beidh ACER agus Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh in ann na cúraimí is gá a chomhlíonadh chun a sainordú a chomhlíonadh faoi reachtaíocht an Aontais de réir na gceanglas atá sa togra seo. |

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

| |
|---|
| Féach an meabhrán míniúcháin a mhéad agus a bhaineann sé le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar bhaint amach an tionscnaimh. |

(a) Éifeachtacht agus tráthúlacht: ba cheart leis na táscairí ceadú d'fhaireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht trí fhaisnéis maidir le dul chun cinn a chur ar fáil go rialta agus maidir lena bhfuil bainte amach feadh na clárthréimhse.

(b) Éifeachtúlacht: ba cheart próisis a bharrfheabhsú chun sonraí a bhailiú agus a phróiseáil, agus iarrataí ar fhaisnéis nach bhfuil gá leo nó atá dúblach á seachaint

(c) Ábharthacht na dtáscairí agus an gá atá ann an t-ualach riaracháin gaolmhar a theorannú.

(d) Soiléireacht: ba cheart táscairí a sheachadadh i bhfoirm shoiléir intuigthe, le meiteashonraí tacaíochta agus i bhfoirm a éascaíonn léirmhíniú ceart agus cumarsáid fhiúntach.

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

**ACER**

<u>Sainchuspóir 1: Authorisation and supervisory powers over registered reporting mechanisms and platforms for the disclosure of inside information</u>

Faoin togra reachtach seo, is é ACER a bheidh i gceannas ar údarú agus ar mhaoirseacht ar Ardáin um Faisnéis ón Taobh Istigh (AFTInna) agus ar Shásraí Tuairiscithe Cláraithe (STCanna) a théann níos faide ná clárú reatha na n-eintiteas sin.

Is é a bheadh i gceist leis na dualgais mhaoirseachta údarú ar AFTInna agus ar STCanna agus maoirseacht laethúil a dhéanamh agus ar an gcaoi sin bheadh sé ailínithe le cumhachtaí maoirseachta ÚEUM ar stórtha trádála ar stórtha trádála, sásraí tuairiscithe formheasta agus ar sheirbhísí tuairiscithe tuairiscithe sonraí. Beidh cumhachtaí imscrúdaitheacha díreacha ag ACER freisin i dtaca le AFTInna agus STCanna agus faigheann sé cumhachtaí breise chun treoirlínte agus moltaí chun soiléiriú breise a dhéanamh ar pharaiméadair an bhailithe sonraí.

Is struchtúir réasúnta nua iad AFTInna agus STCanna, agus táthar ag súil go mbeidh líon na gclárúchán ard. Ós rud é go bhfuil líon mór STCanna ann (104 an 1 Eanáir 2023) agus AFTInna ann (19 an 1 Eanáir 2023) agus ag leanúint an chreata dhlíthiúil nua, beidh ar ACER méadú a dhéanamh ar a chuid

iarrachtaí maoirseachta le haghaidh na ngníomhaíochtaí maoirseachta nua thuasluaite. Dá bhrí sin, earcóidh an Ghníomhaireacht foireann speisialaithe bhreise le haghaidh mhaoirseacht na n-eintiteas sin. I dtéarmaí acmhainní daonna is féidir na riachtanais sin a mheas mar 5 FTE (lena n-áirítear saineolaí TF amháin chun na córais TF ghnó faoi seach agus an chibearshlándáil orthu a rith).

Sainchuspóir 2: Lárú bhailiú STORanna ar leibhéal an Aontais ag ACER agus faireachán ar fud an Aontais ar PPAETanna ag ACER

Le hAirteagal 15 reatha REMIT díláraíodh eolas ar chásanna féideartha de dhrochúsáid mhargaidh ar fud an Aontais toisc nach leagtar oibleagáid ar ÚNRanna idirbhearta amhrasacha nó tuairiscí ar orduithe (STORanna) a fhaigheann siad faoi Airteagal 15 a chomhroinnt le ÚNRanna eile ná le ACER (cé go ndéanann cuid acu é sin). Ag an am céanna, níor chuir sé ar chumas na foirne faireachais ó ACER leas a bhaint as an eolas atá sna STORanna sin chun leasa straitéise faireacháin ar fud an Aontais a fhorbairt.

Leis na leasuithe atá beartaithe maidir le REMIT sannfar ar ACCER gach STORanna a bhailiú as gach PPAET ar fud na hEorpa (ACER mar mhol lárnach).

Chun na hacmhainní daonna is gá don ghníomhaíocht sin a ríomh, rinne ACER meastachán ar líon na STORanna a bheidh le fáil ó 2024 go dtí 2026, ag fágáil ó líon na STORanna a bheidh sé ar an eolas fúthu don bhliain 2022 (STORanna atá san áireamh i gcásanna a dtugtar fógra don Ghníomhaíocht ina leith den chuid is mó), agus cheartaigh sé é le raon feidhme breise Airteagal 15 (lena n-áirítear sáruithe amhrasacha ar Airteagal 4 agus gach STORanna). Mheas ACER go dtiocfadh fás ar líon na STORanna ag 2/3 uaire an fás bliantúil a chonacthas le 6 bliana anuas.  Meastar líon na STORanna a bheidh le fáil ag ACER ansin ag 236 in 2024, 248 in 2025 agus 260 in 2026.

Chun na fochúraimí a bhaineann leis an ngníomhaíocht sin a chomhlíonadh, tá sé beartaithe ag ACER go mbeidh gá ann 2 FTE breise a bheith ann.

I dtaca le PPAETanna, beidh an fhreagracht ar ACER fíorú a dhéanamh ar cibé an bhfuil socruithe agus nósanna imeachta éifeachtacha ar bun ag PPAETanna a oibríonn ar fud an Aontais (i.e. a dhéanann táirgí a thairiscint do thrí chrios seachadta nó níos mó i mBallstáit éagsúla) chun sáruithe ar Airteagail 3, 4 agus 5 de REMIT a shainaithint.

Chun na hacmhainní daonna is gá don ghníomhaíocht sin a ríomh, rinne ACER meastachán ar an líon PPAETanna a mbeadh faireachán a dhéanamh aige orthu idir 2025 agus 2027. Thosaigh ACER le liosta na PPAETanna reatha agus shainaithin sé na cinn a chomhlíonann na critéir a áirítear in Airteagal 15 nua (i.e. PPAETanna a shocraíonn nó a fhorghníomhaíonn idirbhearta i dtrí Bhallstát ar a laghad). Tá ACER ag súil leis ansin go mbeidh faireachán á dhéanamh aige ar 34 PPAET (i.e. níos lú ná 30 % den líon iomlán PPAETanna).

Chun na fochúraimí a bhaineann leis an ngníomhaíocht sin a chomhlíonadh (iniúchtaí PPAET agus comhordú PPAET), meastar go mbeidh gá le FTE breise amháin.

Sainchuspóir 3: Cumhachtaí comhlántacha ACER chun sáruithe féideartha ar REMIT a imscrúdú agus a fhorfheidhmiú

Leasaítear REMIT sa chaoi, go ndéanfaidh ACER, faoi chúinsí sonracha (nuair a dhéantar difear do thrí tháirge a dhéantar a sheachadadh i dtrí Bhallstát éagsúla ar a laghad; é sin nó go ndéantar difear do dhá tháirge nó níos mó a sheachadtar i mBallstáit éagsúla agus go bhfuil an duine dlítheanach nó nádúrtha a dhéanann na gníomhartha cláraithe cláraithe nó bunaithe i dtríú Ballstát nó lasmuigh den Aontas), gur féidir leis a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm na toirmisc a leagtar amach in Airteagal 3 agus Airteagal 5 agus na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 4.

Is é an toradh a bheidh ar na cumhachtaí sin go mbeidh sraith nua cúraimí ag an nGníomhaireacht, lena n-áirítear na cúraimí nós imeachta uile a bhaineann le hoscailt imscrúduithe (bailiú faisnéise (iarrataí ar fhaisnéis a phróiseáil, éisteachtaí ó bhéal, agus eagrú imscrúduithe, …), anailís ar fhaisnéis agus réamhchonclúidí maidir le sáruithe (tuarascálacha).

Ag deireadh 2022, bhí 13 chás stoic ann a chomhlíonfadh na critéir sin (thart ar 3,7 % de stoc iomlán na gcásanna), agus 9 gcinn acu sin a tuairiscíodh in 2022. Measadh gurb é 13 an ráta bliantúil fás ar líon na gcásanna nua a thiocfadh chun cinn faoi dhlínse ACER don tréimhse idir 2024 agus 2026. 6 %/bliain, a fhreagraíonn do dhá thrian den ráta fáis bliantúil a chonacthas idir 2017 agus 2022 don chineál céanna cásanna. Bunaithe ar na toimhdí sin, is féidir meastachán a dhéanamh ansin ar an stoc cásanna a bheadh faoi dhlínse ACER ag 19 in 2024, 21 in 2025 agus 24 in 2026. Ag an am céanna, beidh sé de dhiscréid ag ACER imscrúdú a dhéanamh freisin ar na cásanna is suntasaí i measc na gcásanna a chomhlíonann na critéir thuasluaite.

Agus taithí ar chúraimí comhchosúla a dhéanann AS COMP a úsáid, chun na fochúraimí a bhaineann leis an ngníomhaíocht sin meastar go bhfuil 11 FTE breise ag teastáil ó ACER.

Agus na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le baill foirne cháilithe a earcú á gcur san áireamh, is é 19 FTE breise a dhéanfar a chéimniú isteach ó 2025 go 2027.

Forchostais

Ní chuimsítear forchostas sna coibhéisí lánaimseartha breise sin mar a thuairiscítear thuas. Agus ráta forchostais 30 % a chur i bhfeidhm, ciallaíonn sé 6 FTE breise, agus ba cheart é sin a bheidh i bhfoirm 3 AST agus 3 AST/SC más féidir chun áit na mball foirne eatramhach a thógáil. Tá na FTE breise sin ag teastáil inter alia chun na baill foirne breise a earcú, dá bhrí sin beidh gá leo ó 2025 ar aghaidh.

**ENER**

Faoi láthair tá níos lú ná 0,5 FTE ag obair ar REMIT in AS an Fhuinnimh. Ós rud é go mbeidh ról níos suntasaí ag REMIT i gcomhthéacs na géarchéime fuinnimh atá ann faoi láthair, tá méadú tagtha ar an ualach oibre in ENER, dá bhrí sin tá gá le thart ar 2 FTE.

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Féach an meabhrán míniúcháin

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Is léir ón taithí a fuarthas ar thograí reachtacha roimhe seo go bhfuil sé éasca riachtanais foirne ACER a mheas faoin méid is gá. In order to avoid a repeat of the experience with the third internal market package of 2009, where underestimating the staffing needs resulted in structural understaffing (only comprehensively solved starting with the EU budget for 2022), for this proposal staffing needs are estimated for several years into the future.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Tá an tionscnamh seo san áireamh i gClár Oibre an Choimisiúin le haghaidh 2023 mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Tá gá leis na coibhéisí lánaimseartha le haghaidh cúraimí breise ós rud é nach laghdófar ar na cúraimí atá ann faoi láthair san am atá amach romhainn: Tá foráil sa togra freisin maidir le síneadh buan a dhéanamh ar chumhacht ACER a bhaineann le cur chun feidhme an tagarmhairc LNG (5 FTE faoi LFT a ghabhann le togra COM(2022)549 ón gCoimisiún an 18.10.2022).

A mhéid is féidir de réir an dlí, déanfar coibhéisí lánaimseartha breise a chistiú tríd an scéim táille atá ann cheana féin le haghaidh chúraimí ACER faoi REMIT. Chuige sin cuireann an togra síneadh le cumhachtaí chun táillí a fháil chuig na hardáin um faisnéis ón taobh istigh a tugadh isteach le déanaí agus soiléirítear ann go mbeidh na costais ar ACER as na cumhachtaí imscrúdúcháin agus forfheidhmithe nua a bheidh á bhfeidhmiú aige a mhaoiniú as táillí. Le scriosadh phointe (a) reatha d'Airteagal 32(1) ní dhéantar ioncam ACER a laghdú, ós rud é go dtí seo níor baineadh aon úsáid as an gclásal sin, toisc go mbeadh na costais riaracháin a bhainfeadh le scéim táillí a bhunú agus a chur chun feidhme díréireach i ngeall ar an líon íseal cásanna.

Faoi réir athbhreithniú an chinnidh maidir le táillí[19], meastar go mbeadh thart ar $^{2}/_{3}$ de na FTEnna breise clúdaithe ag táillí.

[19] Cinneadh ón gCoimisiún (AE) 2020/2152 an 17 Nollaig 2020 maidir le táillí atá dlite do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh le haghaidh faisnéis arna tuairisciú faoi Rialachán (AE) 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhailiú, a láimhseáil, a phróiseáil agus a anailisiú.

1.6. **Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh**

☐ **tréimhse theoranta**

☐ Togra/tionscnamh i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

**X tréimhse neamhtheoranta**

Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. **Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme**[20]

**X Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

**X Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

**X** comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71;

☐ comhlachtaí dlí poiblí;

☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;

☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ comhlachtaí nó daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

Nótaí

| |
|---|
| |

[20] Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

De réir rialáil airgeadais ACER, ní mór do ACER Clár Oibre bliantúil a sholáthar i gcomhthéacs a Dhoiciméid Chlársceidealaithe, lena n-áirítear sonraí maidir le hacmhainní, idir acmhainní daoine agus acmhainní airgeadais, de réir gach gníomhaíocht a dhéantar.

Tugann ACER tuairisc mhíosúil do AS ENER faoi chur chun feidhme an bhuiséid, lena n-áirítear gealltanais, agus íocaíochtaí de réir teideal buiséid, agus na rátaí folúntas de réir na gcineálacha foirne.

Ina theannta sin, déantar ionadaíocht ar AS ENER go díreach i gcomhlachtaí rialachais ACER. Trí ionadaithe AS ENER ar an mBord Riaracháin, ag gach cruinniú de i gcaitheamh na bliana, cuirfear AS ENER ar an eolas faoi úsáid an bhuiséid agus faoin bplean bunaíochta.

Ina cheann sin uile, agus i gcomhréir leis na rialacha airgeadais, mar an gcéanna, tá ACER faoi réir ceanglais bhliantúla maidir le tuairisciú ar ghníomhaíochtaí agus úsáid acmhainní tríd an mBord Riaracháin agus trína Thuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí.

Maidir leis an cúraimí a dhéanfar AS ENER go díreach, leanfaidh siad timthriall bliantúil na pleanála agus an fhaireacháin, arna chur chun feidhme sa Choimisiún agus sna gníomhaireachtaí feidhmiúcháin, lena n-áirítear na torthaí a thuairisciú trí Thuarascáil Bhliantúil AS ENER ar Gníomhaireachtaí.

### 2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

#### *2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Cé go mbeidh ar ACER saineolas nua a fhorbairt, tá sé níos costéifeachtaí, mar sin féin, na cúraimí nua faoin togra seo a leithdháileadh ar ghníomhaireacht atá ann cheana agus atá ag obair cheana féin ar chúraimí comhchosúla.

Bhunaigh AS ENER straitéis rialaithe chun a chaidreamh le ACER a bhainistiú, mar chuid de Chreat Rialaithe Inmheánaigh 2017 an Choimisiúin. Rinne ACER athbhreithniú ar a Chreat Rialaithe Inmheánaigh féin agus ghlac sé é i mí na Nollag 2018.

#### *2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Is é an príomhriosca meastacháin mhíchearta i dtaca leis an ualach oibre a chruthaítear leis an togra seo, ós rud é go dtugtar isteach cúraimí nua leis. Ní mór glacadh leis an riosca sin, ós rud é, mar is léir ón taithí a fuarthas, mura n-áirítear riachtanais bhreise acmhainní sa togra tosaigh, tá sé an-deacair an scéal seo a réiteach níos déanaí.

Maolaítear an riosca sin mar go n-áirítear roinnt cúraimí nua sa togra, agus cé go bhféadfaí meastachán a dhéanamh ar ualach oibre roinnt cúraimí a bheidh ann amach faoin méid is gá, d‘fhéadfadh sé go ndéanfaí rómheastachán ar chuid eile díobh, rud a d’fhágfadh go bhféadfaí athshannadh a dhéanamh amach anseo.

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Níltear ag dréim leis go nginfear rialuithe sonracha breise ag ACER mar thoradh ar leithdháileadh cúraimí breise do shainordú reatha ACER, dá bhrí sin, ní athrófar cóimheas na gcostas rialaithe ar luach na gcistí bainistithe.

Ar an gcaoi chéanna, ní bheidh rialuithe breise ná athrú ar chóimheas na gcostas rialaithe mar thoradh ar na cúraimí atá sannta do AS ENER.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Cuireann ACER i bhfeidhm prionsabail frithchalaoise na nGníomhaireachtaí AE díláraithe, i gcomhréir le cur chuige an Choimisiúin.

I mí an Mhárta 2019 ghlac ACER Straitéis Frithchalaoise nua, lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 13/2014 ó Bhord Riaracháin ACER. Tá an straitéis nua, a bhfuil tréimhse trí bliana i gceist léi, bunaithe ar na gnéithe seo a leanas: measúnú bliantúil ar rioscaí, coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, rialacha inmheánacha maidir le sceithireacht, an beartas agus an nós imeachta chun feidhmeanna íogaire a bhainistiú, chomh maith le bearta a bhaineann le heitic agus le hionracas.

Ina theannta sin, ghlac AS ENER Straitéis Frithchalaoise athbhreithnithe (SFC) in 2020. Tá Straitéis Frithchalaoise AS ENER bunaithe ar Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin agus ar mheasúnú riosca sonrach arna dhéanamh go hinmheánach chun na réimsí is leochailí ó thaobh calaoise de a shainaithint, na rialuithe atá i bhfeidhm cheana agus na bearta is gá chun feabhas a chur ar chumas AS ENER calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú.

Áirithítear le Rialachán ACER agus leis na forálacha conarthacha is infheidhme maidir le soláthar poiblí, leo sin araon, gur féidir le seirbhísí an Choimisiúin, lena n-áirítear OLAF, iniúchtaí agus seiceálacha ar an láthair a dhéanamh, agus úsáid á baint as na forálacha caighdeánacha a mholann OLAF.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

Línte buiséid atá ann cheana

<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[21]. | ó thíortha de chuid CSTE[22] | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí[23] | Ó thríú tíortha eile | ioncam eile atá sannta |
| 02 | 02 10 06 agus líne buiséid ITER | LD/~~LN~~ | TÁ/~~NÍL~~ | ~~TÁ~~/NÍL | ~~TÁ~~/NÍL | ~~TÁ~~/NÍL |

Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN. | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí | ó thríú tíortha eile | ioncam eile atá sannta |
| | [XX.YY.YY.YY] | | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

[21] LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

[22] CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

[23] Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

### 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

#### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar an gcaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 01 | An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha |
|---|---|---|

| ACER | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teideal 1[24]: | Gealltanais | (1) | | 0,684 | 0,946 | 1,288 | | | | **2,918** |
| | Íocaíochtaí | (2) | | 0,684 | 0,946 | 1,288 | | | | **2,918** |
| Teideal 2: | Gealltanais | (1a) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | | | | | | | |
| Teideal 3[25]: | Gealltanais | (3 a) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (3b) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh ACER** | Gealltanais | =1+1a +3a | | **0,684** | **0,946** | **1,288** | | | | **2,918** |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3b | | **0,684** | **0,946** | **1,288** | | | | **2,918** |

24 Freagraíonn an caiteachas faoi Theideal 1 don fhoireann atá le maoiniú faoi Ranníocaíocht an Aontais. Ba cheart an dá thrian eile den fhoireann a theastaíonn a mhaoiniú le Táillí agus Muirir.

25 Ba cheart caiteachas dá bhforáiltear faoi Theideal 3 de EUR 4,2 milliún thar 2025-2027 a mhaoiniú trí Tháillí agus Muirir.

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **7** | ‘Caiteachas riaracháin’ |
|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ard-Stiúrthóireacht: ENER | | | | | | | | | |
| ○ Acmhainní Daonna | | | 0,342 | 0,342 | 0,342 | | | | **1,026** |
| ○ Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN AS ENER** | Leithreasuithe | | **0,342** | **0,342** | **0,342** | | | | **1,026** |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7**[26] den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | | **0,342** | **0,342** | **0,342** | | | | **1,026** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2024**[27] | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | | 1,026 | 1,288 | 1,630 | | | | **3,944** |
| | Íocaíochtaí | | 1,026 | 1,288 | 1,630 | | | | **3,944** |

26 *Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.*

27 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad ‘N’ (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta ina dhiaidh sin.

3.2.2. *An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe ACER*

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Méideanna in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | Bliain **N** | | Bliain **N+1** | | Bliain **N+2** | | Bliain **N+3** | | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Saghas[28] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[29]… | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **COSTAS IOMLÁN** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

28 Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

29 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

Nuair is infheidhme, léirítear leis na figiúir suim ranníocaíocht an Aontais leis an ngníomhaireacht agus ioncam eile na gníomhaireachta (táillí agus muirir).

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar acmhainní daonna ACER*

3.2.3.1. Achoimre

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

**X** Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

Méideanna in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil) Nuair is infheidhme, léirítear leis na figiúir suim ranníocaíocht an Aontais leis an ngníomhaireacht agus ioncam eile na gníomhaireachta (táillí agus muirir).

| | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|
| Foirne sealadacha (Gráid AD) | | 0,855 | 1,710 | 2,565 | **5,130** |
| Gníomhairí sealadacha (gráid AST) | | 0,513 | 0,513 | 0,513 | **1,539** |
| Foirne sealadacha (gráid AST/SC) | | 0,513 | 0,513 | 0,513 | **1,539** |
| Baill foirne ar conradh | | 0,091 | 0,273 | 0,364 | **0,728** |
| Saineolaí náisiúnta ar iasacht | | | | | |
| **IOMLÁN** | | **1,972** | **3,009** | **3,955** | **8,936** |

Riachtanais foirne (FTE):

| | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|
| Foirne sealadacha (Gráid AD) | 0 | 5 | 10 | 15 | **15** |
| Gníomhairí sealadacha (gráid AST) | 0 | 3 | 3 | 3 | **3** |
| Foirne sealadacha (gráid AST/SC) | | 3 | 3 | 3 | **3** |
| Baill foirne ar conradh | 0 | 1 | 3 | 4 | **4** |
| Saineolaí náisiúnta ar iasacht | | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN** | | **12** | **19** | **25** | **25** |

Is é an 1 Eanáir den bhliain atá i gceist an dáta earcaíochta atá beartaithe do na coibhéisí lánaimseartha.

Ar le ranníocaíocht an Aontais Eorpaigh a mhaoinítear iad (FTE)[30]:

| | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|
| Foirne sealadacha (Gráid AD) | 0 | 2 | 3 | 5 | **5** |
| Gníomhairí sealadacha (gráid AST) | | 1 | 1 | 1 | **1** |
| Foirne sealadacha (gráid AST/SC) | | 1 | 1 | 1 | **1** |
| Baill foirne ar conradh | | | 1 | 1 | **1** |
| Saineolaí náisiúnta ar iasacht | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0** | **4** | **6** | **8** | **8** |

[30] Gach bliain, i gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Chinneadh (AE) 2020/2152 ón gCoimisiún, déanfaidh ACER na costais sin, lena n-áirítear costais foirne, atá incháilithe le haghaidh cistiú le táillí a shainaithint agus tíolacfaidh sé an toradh ina dhréachtdoiciméad clársceidealaithe. I gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2019/942, cuireann an Coimisiún tuairim ar fáil maidir le dréachtdoiciméad clársceidealaithe ACER, lena n-áirítear tograí na Gníomhaireachta maidir leis na costais a mheastar a bheith incháilithe le haghaidh cistiú le táillí agus an raon feidhme ina leith, agus dá bhrí sin, laghdaítear an brú ar bhuiséad an Aontais.

3.2.3.2. Ceanglais mheasta na n- acmhainní daonna a mheastar don mháthair- Ard- Stiúrthóireacht

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go deachúil amháin ar a mhéad)*

| | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | |
| 20 01 02 01 agus 20 01 02 02 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | 2 | 2 | 2 | | | |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí) | | | | | | | |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| ○ **Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[31] | | | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | | | | | | |
| 20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí) | | | | | | | |
| Líne bhuiséid/línte buiséid (sonraigh)[32] - sa cheanncheathrú[33] | | | | | | | |
| Líne bhuiséid/línte buiséid (sonraigh)[32] - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| **01 01 01 02 (AC, END, INT – Taighde indíreach)** | | | | | | | |
| 10 01 05 02 (CA, INT, SNE – taighde díreach) | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | |

31 AC = Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

32 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

33 Le haghaidh Chistí Bheartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh, an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) go príomha.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN** | | **2** | **2** | **2** | | | |

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

☐ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

**X** Is éard a bheidh sa togra/tionscnamh athshannadh an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil.

Is é an géarchéim fuinnimh reatha a spreag an tionscnamh agus dá bhrí sin níor cuireadh san áireamh é nuair a ríomhadh ceannteidil an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil. Toisc gur tionscnamh nua é an tionscnamh sonrach seo, beidh gá athchlárú a dhéanamh le haghaidh na líne rannchuidithe le ACER agus na líne lena dtacófar leis an obair bhreise laistigh de AS ENER. Sa mhéad ag nach féidir iad a chumhdach le táillí, déanfar na tionchair bhuiséadacha ar ACER mar a dhéantar cur síos air sa ráiteas airgeadais reachtach seo a fhritháireamh le laghdú éifeachtach ar chaiteachas clársceidealaithe i líne buiséid ITER.

☐ Éilítear leis an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil[34].

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir leis an gcómhaoiniú atá measta thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

[34] Féach Airteagail 12 agus 13 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2093/2020 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027.

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

**X** Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam..

☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

- ☐ ar acmhainní dílse
- ☐ ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[35] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá ‘sannta’, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Sonraigh an modh a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

35 A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.